




Comhairle Contae Mhuineacháin
Monaghan County Council

COMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN



AN PLEAN CORPARÁIDEACH 2024 – 2029

Loch Mucnú, Baile na Lorgan





CLÁR ÁBHAR

| | |
|--|----|
| BROLLACH ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH | 04 |
| RÉAMHRÁ | 05 |
| ÁR gCONTAE | 06 |
| ÁR gCOMHAIRLE | 07 |
| ÁR gCOMHTHÉACS STRAITÉISEACH | 14 |
| ÁR bhFÍS, ÁR MISEAN AGUS ÁR LUACHANNA..... | 15 |
| NA PRÍOMHSPRIOCANNA CORPARÁIDEACHA 2024-2029..... | 16 |
| TÉAMAÍ STRAITÉISEACHA COTHROMÁNACHA | 17 |
| SPRIOC 1: ÁIT IONTACH LE CÓNAÍ ANN | 19 |
| SPRIOC 2: POBAL RATHÚIL..... | 23 |
| SPRIOC 3: GEILLEAGAR LÁIDIR | 29 |
| SPRIOC 4: TODHCHAÍ INBHUANAITHE | 33 |
| SPRIOC 5: COMHAIRLE ARDFHEIDHMÍOCHTA | 37 |
| AN PLEAN CORPARÁIDEACH A CHUR CHUN FEIDHME AGUS MONATÓIREACTH A DHÉANAMH AIR | 43 |
| AGUISÍN I-IV | 44 |

BROLLACH ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH



An Clr Paul Gibbons, Cathaoirleach,
Comhairle Contae Mhuineacháin



Robert Burns, Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Contae Mhuineacháin

“TÁIMID AG TNÚTH LE TRÉIMHSE CÚIG BLIANA IONTACH AGUS DHÚSHLÁNACH A BHEITH AGAINN AGUS BEART Á DHÉANAMH DE RÉIR BRIATHAIR AGAINN DO MHUINEACHÁIN. ”

Inár gcáil mar Chathaoirleach agus mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Mhuineacháin, tá ríméad orainn fáiltiú roimh an bPlean Corparáideach 2024-2029.

Leis an bPlean seo, tarraingítear le chéile uailmhian straitéiseach na Comhairle agus leagtar amach clár oibre éachtach ar feadh na gcúig bliana atá le teacht chun ár bhfís a bhaint amach le haghaidh pobal rathúil, fiontraíoch agus beoga i Mhuineachán, agus geilleagar rachmasach agus timpeallacht inbhuanaithe mar thaca leis sin. Cumasaítear sin trínár misean agus trínár luachanna corparáideacha.

Leis an bPlean Corparáideach, tugtar le chéile aidhmeanna agus cuspóirí ár bpleananna agus ár straitéisí príomha, lena n-áirítear an Plean Forbartha Contae atá le teacht agus ár bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, i straitéisí shoiléir don eagraíocht, ina leagtar amach ár gcuid spriocanna, cuspóirí agus gníomhaíochtaí, i dteannta conas a dhéanfaimid monatóireacht agus measúnú ar dhul chun cinn agus cur i gcrích rathúil ár dtorthaí beartaithe. Forbraíodh é i gcomhar le bainistíocht agus foireann na Comhairle, ionadaithe tofa agus pobal Mhuineacháin.

Tá ár gcuid Spriocanna Corparáideacha ailínithe le straitéis agus beartas náisiúnta agus tá siad beartaithe chun freagairt do riachtanais mhuintir Mhuineacháin agus do phríomhdhúshláin an Chontae do na blianta atá le teacht. Oibreoidimid go comhoibríoch agus go réamhghníomhach lenár bpobal, leis an rialtas agus lenár bpáirtithe leasmhara uile chun an fhís a bhaint amach agus beart a dhéanamh de réir briathair don todhchaí. Tá ár dtiomantas do Dhualgas Ceart Daonna na hEanála Poiblí, Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus cuspóirí ár bPlean Gníomhaithe ar son na Aeráide cumhdaithe inár bPlean Corparáideach, agus chinntíomar go bhfuil ár gcuid spriocanna agus cuspóirí ag ailíniú leo sin.

Tríd an bPlean Corparáideach seo, cumasaítear don Chomhairle pleanáil straitéiseach a dhéanamh, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn, agus meastóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht ó thaobh ár gcuid spriocanna agus cuspóirí. Beidh sé mar bhonn dár gcuid Pleananna Soláthair Seirbhíse Bliantúla ar feadh na chéad chúig bliana eile, rud a bheidh ina bhunús, dá réir sin, le haghaidh pleananna feidhmíochta agus forbartha rannacha agus aonair. Forbrófar ár bplean fórsa oibre straitéiseach ar bhonn an Phlean Chorporáidigh seo agus cumasófar dúinn leis sin acmhainní a bhainistiú agus a leithdháileadh go héifeachtach chun ár gcuid spriocanna a bhaint amach.

Tá an daonlathas áitiúil i gcroílár Chomhairle Contae Mhuineacháin agus oibreoidh na Comhaltaí Tofa agus bainistíocht agus foireann na Comhairle le chéile thar ceann mhuintir Mhuineacháin ionas go mbeidh an Contae ar an áit is fearr is féidir dóibh sin uile a chónaíonn agus a oibríonn ann, a infheistíonn ann nó a thugann cuairt air. Déanfaidh na Comhaltaí Tofa agus na Coistí um Beartais Straitéiseacha monatóireacht ar dhul chun cinn na ngníomhaíochtaí straitéiseacha laistigh den Phlean agus tabharfaidh siad an feidhmeannach chun cuntais chun é a chur chun feidhme go rathúil.

Táimid ag tnúth le tréimhse cúig bliana iontach agus dhúshlánach a bheith againn agus beart á dhéanamh de réir briathair againn do Mhuineacháin.



Leis an bPlean Corparáideach 2024–2029 seo, leagtar amach an creat straitéiseach don Chomhairle do théarma na gComhairleoirí a toghadh i mí an Mheithimh 2024.

Ullmhaíodh an Plean i gcomhréir le forálacha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Le linn an Plean seo a fhorbairt, chuir an Chomhairle san áireamh réimse leathan de phleananna agus beartais réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann leis an gComhairle, mar a leagtar amach i dTreoirínte Phleananna Corparáideacha an Údaráis Áitiúil do thimthriall 2024-2029 ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Bhí an cur chuige atá againn chun an Plean Corparáideach seo a fhorbairt múnlaíthe agus mian ann plé le réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an fhoireann agus an bhainistíocht, Comhairleoirí, an pobal agus an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, agus páirtithe leasmhara éagsúla eile. Choimisiúnaigh an Chomhairle Crowe, Éire, chun an próiseas a éascú agus próiseas comhairliúcháin na bpáirtithe leasmhara a bhainistiú. Rinneadh an comhairliúchán i roinnt foirmeacha chun foráil a dhéanamh maidir le caidreamh agus ionchur forleathan, lena áiríodh suirbhéanna foirne agus poiblí, caidrimh duine le duine, ceardlanna agus fócasghrúpaí agus cuirí le haghaidh aighneachtaí.

Freagra Covid ár gComhairle

Seoladh ár bPlean Corparáideach roimhe sin díreach sular cuireadh srianta paidéime Covid chun feidhme. Tá foireann na Comhairle le moladh as leanúint de sheirbhísí a sholáthar chun tacú lenár gcuid pobal ar feadh na tréimhse déine sin, lena n-áirítear iad sin a choinnigh seirbhísí túslíne ar bun agus a d'fhreagair do riachtanais an phobail ar bhealaí nuálacha, amhail Leabharlanna, an Rannóg Pobail, Airgeadais, Seirbhísí Dóiteáin agus Cosanta Sibhialta. Thacaigh ár meithleacha TF agus AD leis an bhfoireann leis na hathruithe radacacha ar an áit agus ar an gcaoi ar oibríomar, agus le tionchar na paidéime ar fhoireann iomlán na Comhairle. Chuaigh ár gComhaltaí Tofa in oiriúint go fonnmhar do chianobair agus cruinnithe den Chomhairle ar líne, agus tacaíocht á fáil chuige sin ónár bhfoireann Seirbhísí Corparáideacha a d'éascaigh an méid sin.

Le linn shaolré an Phlean Chorporáidigh roimhe sin, rinneadh athruithe agus forbairtí suntasacha sna réimsí ina n-oibrímid, mar a leagtar amach sa Phlean seo, agus d'oibríomar chun aghaidh a thabhairt ar na hathruithe sin agus ar athruithe atá le teacht laistigh den Phlean seo. Ina theannta sin, le linn an Plean seo a fhorbairt, chuireamar san áireamh na spriocanna agus na cuspóirí éagsúla a leagtar amach sna beartais, sna pleananna agus sna straitéisí eile de chuid na Comhairle.

Beidh nasc soiléir ann idir na spriocanna agus na cuspóirí a leagtar amach sa Phlean Corparáideach seo agus sna Pleananna Soláthair Seirbhíse Bliantúla, sna próisis bhuiséadacha, sna Tuarascálacha Bainistíochta agus sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta.

ÁR gCONTAE



Seasann an earnáil
agraibhia do **60%**

Is contae sách beag é Muineachán, agus é lonnaithe go straitéiseach ar an gconair idir Dún na nGall/Doire agus Baile Átha Cliath, in aice chonair M1.



14 den 100 cuideachta is coitianta a tháirgeann bia in Éirinn, tá siad lonnaithe i gContae Mhuineacháin

Mar chontae teorann, tá naisc láidre againn le Tuaisceart Éireann, agus roinnimid teorainneacha le hArd Mhacha, Fear Manach agus Tír Eoghain i dteannta ár gcomharsan an Cabhán, Lú agus an Mhí in Éirinn.

Tá traidisiún fada agus bródúil ag Muineachán maidir le tionscal dúchasach uathúil a fhorbairt agus mar mhol don nuálaíocht i gcúrsaí gnó agus talmhaíochta go náisiúnta.



>1 as 10 gcinn d'fhiontair mhonaraíochta Éireannacha a oibríonn i Muineachán

In éineacht leis sin, tá oidhreacht ailtireachta éachtach againn mar aon le timpeallachtaí bithéagsúlachta uathúla agus cinn scríbe slatiascaireachta, agus iad fite fuaite lenár mbailte agus lenár sráidbhailte ina gcónaí agus ina n-oibríonn ár bpobail éagsúla agus bhríomhara.



D'fhás ár ndaonra
chuig níos mó ná
65,000 duine

ÁR gCOMHAIRLE

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin comhdhéanta de 18 gComhairleoir Thofa trasna na dtrí Cheantar Bhardasacha de Bhéal Átha Beithe–Cluain Eois, Muineachán agus Carraig Mhachaire Rois–Baile na Lorgan.



Feidhmeanna Forchoimeáda na gComhaltaí Tofa:

Glacadh na bpríomhchlár beartais agus oibríochtúil lena n-áirítear an Plean Corparáideach.

Comhfhreagrachtaí na gComhaltaí Tofa/an Fheidhmeannais:

Soláthar réimse leathan seirbhísí lena bhfuil gá chun tacú le saol fisiciúil, eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha an Chontae, chomh maith le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus pobail a spreagadh.

Údarás Feidhmiúcháin:

Déileáil le hábhair oibríochtúla agus aird á tabhairt ar an treo beartais arna chinneadh ag na Comhaltaí Tofa, lena n-áirítear ábhair foirne, cinntí pleanála, rialú buiséadach agus ábhair oibríochtúla eile ó lá go lá.

Tá foireann feidhmiúcháin na Comhairle faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh agus foireann bainistíochta sinsearaí atá comhdhéanta de chúigear Stiúrthóirí.



Fostaíonn ár gComhairle 458 mball den phríomhfhoireann i dteannta 17 mball foirne shealadacha / shéasúracha agus ar conradh, agus 61 chomhraiceoir dóiteáin coinnithe.

Faigheann an Chomhairle cúnamh ó chúig Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPCanna), atá bunaithe chun comhairle a chur ar an gComhairle, agus cúnamh a thabhairt di, ina cuid oibre maidir le beartas a fhoirmiú, a fhorbairt agus a athbhreithniú i ndáil le feidhmeanna atá de chineál straitéiseach agus atá forchoimeáda do chomhaltaí tofa na Comhairle Contae. Tarraingíonn na SPCanna sin ballraíocht ón gComhairle agus ó ionadaithe earnála ábhartha.



AN GRÚPA UM BEARTAS CORPARÁIDEACH

Tá an Grúpa um Beartas Corparáideach comhdhéanta de Chathaoirligh gach SPC, mar aon le Cathaoirleach na Comhairle, rud a sholáthraíonn treoir agus comhairle do na Comhaltaí Tofa sa Chomhairle iomlán.

Tá naisc bhunaithe láidre ag an gComhairle le gníomhaireachtaí, comhpháirtithe agus grúpaí éagsúla eile lena n-oibrímid i gcomhar chun ár gcuid seirbhísí a sholáthar agus tacú lenár bpobail agus lenár raon éagsúil custaiméirí. Ar na comhpháirtithe sin áirítear an tÚdarás Forbartha Tionscail (GFT), Foirne Baile agus eagraíochtaí pobail agus deonacha éagsúla.

Ina theannta sin, coinníonn an Chomhairle naisc leis an earnáil pobail agus dheonach trí oibriú an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, agus tríd an gCoiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil a éascú.

ÁR nÉACHTAÍ

Déanann an Chomhairle beart de réir briathair do mhuintir Mhuineacháin gach lá. Sna leathanaigh seo a leanas, léirítear cuid de na samplaí den difríocht a rinneamar ar feadh shaolré an Phlean Chorporáidigh roimhe sin.



“DÉANANN ÁR gCOMHAIRLE BEART DE RÉIR BRIATHAIR DO MHUINTIR MHUINEACHÁIN GACH LÁ.”

CAMPAS SÍOCHÁNA

Is éard atá san fhoirgneamh nua seo, a osclaíodh i mí na Bealtaine 2024, ionad cultúir agus oidhreachta, saoráid óige agus spás pobail comhroinnte, lena n-áirítear gníomhaíochtaí trasphobail. Maoiníodh é sin tríd an gclár Síocháin IV de chuid an Aontais Eorpaigh, ar tionscnamh trasteorann é sin chun tacú leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i gcontaetha teorann na hÉireann, i dteannta maoiniú ó Chomhairle Contae Mhuineacháin agus ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.



“THE RIDGE”

I mBaile na Lorgan, osclaíodh Mol Fiontraíochta “The Ridge” go hoifigiúil i mí an Mheithimh 2023 agus tá sé ar fad in úsáid anois. Is comhthionscnamh é idir Fiontar Pobail Bhaile na Lorgan agus Enterprising Monaghan, cuireann an tsaoráid 1,350 méadar cearnach 28 n-aonad gnó ar fáil.



GAIRDÍN CUIMHNEACHÁIN “TOM MÓR”, SRÁIDBHAILE EOROMA

Osclaíodh an tionscadal go hoifigiúil i mí Iúil 2021 agus tugadh maoiniú €60,245 dó faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, agus sholáthair Comhairle Contae Mhuineacháin maoiniú meaitseála €15,061. D’éirigh an tionscadal ó rannpháirteachas le Coiste Forbartha Pobail Eoroma, ar mhian leis “Tom Mór” a chomóradh, ní hamháin mar amhránaí tíre ach as a thiomantas do shaol an phobail in Eoroim agus as an obair mhór a rinne sé ar a shon freisin ar feadh a shaoil. Thug gairneoir intí Chomhairle Contae Mhuineacháin faoi dhearadh an Ghairdín, i gcomhar leis an gCoiste Forbartha agus leis an bhfoireann innealtóireachta ó Cheantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois/Bhaile na Lorgan. D’éirigh le foireann an tionscadail spás cinn scríbe arcáide a sholáthar do na daoine muinteartha ionúine atá le Tom Mór, pobal Eoroma agus na scataí móra leantóirí atá ag Tom Mór ó gach cearn den tír. Tríd an ngairdín, tabharfar ómós marthanach don saol agus don oidhreacht iontach atá ag “Tom Mór” McBride.



“ TRÍD AN nGAIRDÍN, TABHARFAR ÓMÓS MARTHANACH DON SAOL AGUS DON OIDHREACTH IONTACH ATÁ AG “TOM MÓR” MCBRIDE. ”

MARGADH NOLLAG LOCH MUCNÚ

Lean an Chomhairle, i gcomhpháirtíocht le Coiste Fhéile Mania Mhucnú, de bheith ag cur le traidisiún láidir imeachtaí faoi stiúir an phobail i gContae Mhuineacháin. Agus tairbhe á baint as an ascaill a bhí saintógtha a bheag nó a mhór ag Caisleán Hope, Dé Domhnaigh an 3 Nollaig 2023 bhí an chéad Mhargadh Nollag ann i Loch Mucnú. Tharla imeacht an-rathúil eile i mí na Nollag 2024, agus é mar aidhm fhadtéarmach aige sin an margadh a fhorbairt mar bhunchloch ar fhéilire na n-imeachtaí.



C:TEK II

I mí na Samhna 2024, i mBaile Charraig Mhachaire Rois, d’oscail an tAire Heather Humphreys an Mol Fiontraíochta Comhoibríthe nua C:TEK II. Le hinfheistíocht iomlán de €3.9 milliún, leis an tionscadal cuireadh i gcrích soláthar Moil Fiontraíochta Comhoibríthe nua de 1,450 méadar cearnach. Soláthraíonn an Mol spás oibre do ghnólachtaí nuathionscanta, athlonnú fiontar agus comhoibríthe atá ag féachaint le lonnú i mBaile Charraig Mhachaire Rois. Tríd an bhforbairt, tacaítear le coinneáil tallainne laistigh de cheantar Mhuineacháin Theas, soláthraítear bonn réigiúnach d’iarchomaitéirí agus mealltar gnólachtaí nuathionscanta nua ón bpobal agus ó Thuaisceart Éireann.



LEABHARLANN BHAILE NA LORGAN

D’infheistíomar €1.38 milliún i dteannta maoiniú ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe chun athfhorbairt a dhéanamh ar an Lóiste Geata i gCaisleán Hope, rud a bhí tréigthe an tráth sin i mBaile na Lorgan mar shaoráid leabharlainne agus spás oidhreachtach cultúrtha úrscothach don phobal. D’oscail an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys TD, an leabharlann i mí na Samhna 2023.



PLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA hAERÁIDE DE CHUID CHOMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN (2024-2029)


I mí Feabhra 2024, ghlac comhairleoirí Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin d’aon toil. Ullmhaíodh an plean, a forbraíodh trí chomhairliúchán fairsing le comhaltaí tofa agus le páirtithe leasmhara, chun dul i ngleic le dúshlán méadaitheach an athraithe aeráide dár gcontae. Chun todhchaí inbhuanaithe a dhaingniú do mhuintir Mhuineacháin, sa phlean cúig bliana tá níos mó ná 150 gníomhaíocht ar son na haeráide ar fud cúig théama:

Rialachas, Timpeallacht Thógtha agus Iompar, Timpeallacht Nádurtha, Pobail agus Inbhuanaitheacht.

Seo a leanas ceithre phríomhsprioc sa phlean:

- Feabhsú 50% in éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoi 2030.
- Laghdú 51% in astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle faoi 2030.
- Féachaint leis go mbeadh Muineachán ina Chontae atá seasmhach ó thaobh na haeráide trí laghdú a dhéanamh ar na tionchair a bheidh ag teagmhais a bhaineann leis an athrú aeráide amach anseo; agus
- Páirt ghníomhach a thabhairt dár bpobail maidir leis an athrú aeráide agus iad a chur ar an eolas

Leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, leagtar amach bealach soiléir do Mhuineachán chun aistriú i dtreo todhchaí ísealcharbóin, inbhuanaithe, le linn nuálaíocht, cuimsitheacht agus rathúnas a chothú do na cónaitheoirí uile. Molann an Chomhairle do chomhaltaí, gnólachtaí agus eagraíochtaí den phobal plé go gníomhach leis an bplean agus rannchuidiú lena chur chun feidhme go rathúil.





PÁIRC FORAOISE ROS MÓR

In 2024, bhí Páirc Foraoise Ros Mór rangaithe mar an suíomh Coillte is mó ar a dtugtar cuairt in Éirinn don dara bliain as a chéile, agus bhuaigh sí duais Ag Tacú leis an Turasóireacht ag na Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2024.

Agus níos mó ná 357,000 cuairteoir faighte aici in 2023, leanann sí de dhaoine a mhealladh ó gach cearn den tír, agus siúlóidí foraoise agus conairí dúlra éagsúla á tairiscint aici i measc taitneamhachtaí eile.

AN CRAOBHCHOMÓRTAS BEATHAITHEORA DOMHANDA AR LOCH MUCNÓ

I mí Aibreáin 2023, d’óstáil Loch Mucnú an 6ú Craobhchomórtas Iascaireachta Beathaitheora Domhanda do Chlubanna de chuid FIPSe. Ag an imeacht mór le rá sin, tugadh le chéile níos mó ná 200 slatiascaire ó 28 bhfoireann ar fud 18 dtír, rud a chuir borradh mór leis an ngeilleagar áitiúil agus ag ar cuireadh acmhainneacht Mhuineacháin mar cheann scríbe le haghaidh turasóireacht slatiascaireachta os comhair an phobail.



“ D’FHÁILTIGH EARNÁIL AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL AR FUD NA hÉIREANN ROIMH AN TIONSCNAMH SIN ATÁ FAOI STIÚIR MHUINEACHÁIN AGUS A bhFUIL DUAISEANNA BUAITE LENA AGHAIDH CHUN CUIDIÚ LE SPRIOCANNA AN RIALTAIS A BHAINT AMACH MAIDIR LE 90% DE NA SEIRBHÍSÍ POIBLÍ A CHUR AR FÁIL AR LÍNE ” ...

MYCOCO.IE

Thionscain Comhairle Contae Mhuineacháin an tairseach ar líne MyCoCo.ie do sheirbhísí an údaráis áitiúil. Maidir leis an tionscnamh sin atá faoi stiúir Mhuineacháin agus a bhfuil duaiseanna buaite lena aghaidh, d’fháiltigh earnáil an údaráis áitiúil leis ar fud na hÉireann chun cuidiú le spriocanna an rialtais a bhaint amach maidir le 90% de na seirbhísí poiblí a chur ar fáil faoi 2030, agus seirbhísí níos fearr a sholáthar dár gcustaiméirí, ar deireadh thiar. In 2024, thar ceann na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, sholáthair an 31 údarás áitiúil uile scéimeanna an Rialtais maidir le Deontas um Chostas Méadaithe Gnó (ICOB) agus um Ardú Cumais do ghnólachtaí infheidhme trí MyCoCo.ie, agus spriocanna gan fasach arna leagan síos ag an Rialtas á gcomhlíonadh. Chláraigh 73,122 ghnólacht aonair do ICOB. San iomlán, íocadh níos mó ná €242.7 milliúin de mhaoiniú deontais le gnólachtaí do ICOB agus íocfar méid breise €157.9 milliúin faoi scéim an deontais um Ardú Cumais faoi dheireadh 2024 nó go luath in 2025.





IONAD PATRICK KAVANAGH

Athsheoladh Ionad Patrick Kavanagh in 2020 le taispeántas a bhfuil duaiseanna buaite lena aghaidh agus ar tugadh ardmholadh dó ó shin. Tugadh onóir don ionad le duais LAMA 2022 don Tionscnamh Turasoireachta is Fearr, agus aitheantas á thabhairt don chion mór a dhéanann sé ar son na turasoireachta áitiúla. Bhuaigh an t-ionad, i dteannta chonair bhrandáilte Kavanagh, duais na hOidhreachta i nGluaiseacht, 2020, tar éis na nDámhachtainí Bliantúla mór le rá ón *European Museum Academy*. Tugadh an duais le haghaidh an taispeántais ‘The Pincer Jaws of Heaven’ sa chatagóir “Scannán agus Fís”.

FOLLÁINE NA FOIRNE

Aithníonn Comhairle Contae Mhuineacháin go bhfuil folláine na foirne lárnach chun ár gcuid spriocanna a bhaint amach agus seirbhís eisceachtúil a sholáthar. Táimid tiomanta d’áit oibre atá tacúil agus folláin a chothú dár bhfoireann trínár gcuid tionscnamh folláine leanúnach agus todhchaí. Trí thosaíocht a thabhairt don fholláine, ní hamháin go mbímid ag infheistiú inár bhfoireann ach bímid ag infheistiú freisin i rath agus athléimneacht fhadtéarmach ár n-eagraíochta.



MUIRÍNE CHLUAIN EOIS

I dtionscadal Athchóiriú Chanáil Uladh, déanfaidh Uiscebhealaí Éireann an chuid den chanáil a athchóiriú ó Loch Éirne i gContae Fhear Manach go Cluain Eois i gContae Mhuineacháin. Is stráice é seo de thart ar 13.5 ciliméadar. Cuireadh Céim 2 den tionscadal i gcrích i mí an Mheithimh: athchóiriú na canála idir Cluain Eois agus Cluain Fhada i gContae Mhuineacháin, lena n-áirítear muiríne in abhantrach na canála agus limistéar taitneamhachta i gCluain Eois. Daingníodh maoiniú €24 mhiliún chun an chéim sin a chríochnú ó Chiste na nOileán Comhroinnte, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá Comhairle Contae Mhuineacháin, i gcomhar le Fáilte Éireann agus Uiscebhealaí Éireann, ag tabhairt faoi chomhairliúcháin poiblí chun ionchur a bhailiú ó chónaitheoirí áitiúla, grúpaí pobail, gnólachtaí agus eagraíochtaí níos leithne maidir le Plean Físe a ullmhú le comhfhís a chur i láthair do thodhchaí Mhuiríne Chluain Eois, i gcroílár Chontae Mhuineacháin. Is é 2027/2028 dáta críochnaithe beartaithe an tionscadail.



BÉAL ÁTHA BEITHE, PÁIRC SÚGARtha INROCHTANA CHORR UÍ BHRAONÁIN

Rinneadh athchóiriú ar áit súgartha Chorr Uí Bhraonáin agus úsáid á baint as maoiniú a daingníodh faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus ar fiú €194,570 é, agus maoiniú meaitseála €29,519 soláthartha ag comhaltaí Cheantar Bardasach Bhéal Átha Beithe agus Chluain Eois. Daingníodh deontas breise €18,000 ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ), rud a d’fhág go rabhthas in ann gnéithe uathachais speisialaithe a ionchorprú lenar cinntíodh go raibh an áit súgartha sin níos cuimsithí agus níos tacúla fós do gach leanbh.

ÁR gCOMHTHÉACS STRAITÉISEACH

Ár dTimpallacht Sheachtrach

Léirítear achoimre thíos ar na príomhthosca seachtracha lena n-imrítear tionchar ar ár dtimpallacht oibriúcháin straitéiseach.



Príomhthéamaí ón bPróiseas Comhairliúcháin

Le linn an Plean Corparáideach seo a fhorbairt, chumar i gcomhairle le Comhaltaí Tofa, leis an bhFoireann Ardbhainistíochta, lenár mbaill foirne, leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, agus le pobal Mhuineacháin, trí shuirbhéanna, agallaimh agus ceardlanna. Bhí an méid seo a leanas san áireamh sna príomhthéamaí a eascraíonn as an gcomhairliúchán:



An dúshlán do rialtais áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an athraithe aeráide



Lár bailte a athnuachan agus a athghiniúint



Deiseanna coinneála agus forbartha foirne



Bóithre agus bonneagar iompair chun pobail a nascadh agus tacú le forbairt eacnamaíoch



Folláine agus aitheantas na foirne mar thosaíocht don Chomhairle



Cur chun feidhme leanúnach an chlaochlaithe dhígitigh chun tacú le soláthar sheirbhís na Comhairle



Tacaíocht don chultúr eagraíochtúil nuálach sa Chomhairle



Cur chun cinn éachtaí dearfacha agus thionchar na Comhairle leis an bpobal



Oifigí Cathracha nua mar bhealach chun baill foirne a thabhairt le chéile ar bhealach

ÁR bhFÍS, ÁR MISEAN AGUS ÁR LUACHANNA



ÁR bhFÍS

Pobal rathúil, fiontraíoch agus beoga agus geilleagar rachmasach agus timpeallach inbhuanaithe mar thaca leis.

ÁR MISEAN

Seirbhísí ardcháilíochta atá dírithe ar dhaoine a sholáthar

ÁR LUACHANNA



DÍNIT AGUS MEAS

Caithimid le gach duine le dínit agus le meas



DÍRITHE AR DHAOINE

Cuirimid daoine i gcroílár gach a ndéanaimid



IONRACAS

Déanaimid an rud ceart ar an mbealach ceart



NUÁLÁIÓCHT AGUS SÁRMHAITHEAS

Oibrímid chun rudaí a dhéanamh ar bhealach níos fearr



CEANNAIREACHT

Tugaimid daoine eile linn ar ár n-aistear



DAONLATHAS

Déanaimid ionadaíocht don phobal agus freastalaímid air



INBHUANAITHEACHT

Cosnaímid an todhchaí do Mhuineachán



FOLLÁINE

Féachaimid i ndiaidh ár muintire

PRÍOMHSPRIOCANNA CORPARÁIDEACHA 2024-2029

Tá sé mar uaimhian straitéiseach Chomhairle Contae Mhuineacháin cur le láidreachtaí an Chontae agus leanúint dár gcuid oibre le cinntiú go mbeidh an Contae ina áit fháilteach le cuairt a thabhairt air, le bheith ag obair ann, le hinfheistíocht a dhéanamh ann agus le bheith sa bhaile ann.

Léirítear ár gcuid Spriocanna Corparáideacha thíos agus leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe iad sna leathanaigh seo a leanas.

| | | | | |
|--|--|---|---|--|
|  <p>Áit iontach le cónaí ann</p> |  <p>Pobal rathúil</p> |  <p>Geilleagar láidir</p> |  <p>Contae inbhuanaithe</p> |  <p>Comhairle ardfeidhmíoch</p> |
| <ul style="list-style-type: none">• Áiteanna a sholáthar le cónaí iontu• Pleanáil a dhéanamh do chontae inbhuanaithe agus rathúil | <ul style="list-style-type: none">• Tacú le pobail chun bheith rathúil agus rachmasach• Bóithre agus iompar chun ár gcuid pobal a nascadh• Cultúr agus oidhreacht shaibhir i bpobail Mhuineacháin• Sábháilteacht phoiblí a chinntiú dár gcuid pobal | <ul style="list-style-type: none">• Cur le gníomhaíocht eacnamaíoch agus í a fhás i gContae Mhuineacháin• An turasóireacht a chur chun cinn i gContae Mhuineacháin | <ul style="list-style-type: none">• Aghaidh a thabhairt ar fhreagrachtaí an athraithe aeráide• Bithéagsúlacht an chontae a chosaint, a chaomhnú agus a mholadh• An dramhaíl a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an uisce agus í a chosaint | <ul style="list-style-type: none">• Nuálaíocht, claochlú digiteach agus feabhsú leanúnach• Tacú le foireann an Chontae agus í a fhorbairt• Oibriú i gcomhpháirtíocht chun beart a dhéanamh de réir briathair do Mhuineacháin• Rialachas láidir, trédhearcacht agus cuntasacht• Cumarsáid inmheánach agus sheachtrach den scoth |

“ PLEANÁIL A DHÉANAMH DO CHONTAE INBHUANAITHE AGUS RATHÚIL ”

TÉAMAÍ STRAITÉISEACHA COTHROMÁNACHA

Déantar eolas do na Spriocanna Corparáideacha uile leis na príomhchúinsí seo a leanas agus baineann siad leis na Spriocanna sin uile.



Le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, rud a ghlac Ballstáit uile na Náisiún Aontaithe in 2015, leagtar amach 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIInna) mar ghlaio chun gnímh do na tíortha uile chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht go comhoibritheach, an tsláinte agus an t-oidéachas a fheabhsú, an éagothroime a laghdú agus tacú le fás eacnamaíoch, le linn dul i ngleic leis an athrú aeráide agus oibriú chun ár gcuid aigéan agus foraoisí a chaomhnú.

Sa dara Plean Cur Chun Feidhme Náisiúnta do SFIInna, áirítear an méid seo a leanas mar a Chuspóir Straitéiseach 2:

“ NA SFIInna A CHOMHTHÁTHÚ IN OBAIR AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL CHUN TACÚ AR BHEALACH NÍOS FEARR LE LOGÁNÚ NA SFIInna ”





DUALGAS CEART DAONNA NA SEIRBHÍSE POIBLÍ

Tá Dualgas Ceart Daonna agus Comhionannais na hEarnála Poiblí (an Dualgas) le fáil in Airteagal 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Leis an Dualgas, cuirtear oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá le deireadh a chur le hidirdhealú, cothromas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna a gcuid foirne, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine dá ndéantar difear lena gcuid beartas agus pleananna a chosaint. Chinntíomar go bhfuil ár Spriocanna Corparáideacha ailínithe le prionsabail an Dualgais.



PRIONSABAIL AGUS TREOIRLÍNTE ATÁ FABHRACH DON AOIS



Leanfaimid de phrionsabail agus treoirlínte atá fabhrach don aois a leabú ar fud sheirbhísí, phleanáil agus fhorbairt pobail uile na Comhairle. Tá Muineachán ina Chontae atá fabhrach don aois le breis is deich mbliana anuas agus seasann sé le prionsabail atá fabhrach don aois i ngach a ndéanaimid. Leis an bPlean Corparáideach seo, cuirfear san áireamh gnéithe atá fabhrach don aois agus a bhaineann lenár Spriocanna Corparáideacha.



GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE



Níl gníomhú ar son na haeráide teoranta do Spriocanna ná Cuspóirí Corparáideacha ar leith ach is gá aghaidh a thabhairt air agus é a chur san áireamh sna Spriocanna Corparáideacha uile, i gcomhréir lenár gCuspóir a bhaineann leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, Sprioc 1: “Gníomhú ar son na hAeráide a leabú inár gcinnteoireacht uile agus ár gcumas chun freagairt do dhúshláin an athraithe aeráide a mhéadú.”

SPRIOC 1:

Áit iontach le cónaí ann

Leanfaimid de thithe ardcháilíochta a sholáthar, oibreimid chun an easpa dídine a laghdú; cinnteimid pleanáil chomhtháite agus soláthar foirgneamh agus taitneamhachtaí; agus athnuafaimid lár bailte agus sráidbhailte chun caighdeán na beatha i Muineachán a fheabhsú.

CUSPÓIR 1A:

ÁITEANNA A SHOLÁTHAR LE CÓNÁÍ IONTU

Aidhm straitéiseach:

Soláthróimid tithe sóisialta agus inacmhainne ardcháilíochta chun freastal ar riachtanais chónaitheoirí Mhuineacháin agus soláthróimid rochtain ar chóiríocht dóibh sin atá gan dídean.

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- Tithíocht shóisialta a sholáthar i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta Soláthair Tithíochta Chomhairle Contae Mhuineacháin agus spriocanna arna leagan síos ag an Rialtas, trí ghníomhaíocht agus éadálacha tógála nua díreacha agus Comhlachta Cheadaithe Tithíochta (CCT) agus maoiniú ón Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS) agus ón Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) a chur i bhfeidhm.
- Stoc tithíochta reatha agus todhchaí na Comhairle a choinneáil ar ardchaighdeán cáilíochta agus éifeachtúlachta fuinnimh.
- Stoc tithíochta foilme a íoslghdú agus tráthanna athraithe tionóntachta a laghdú.
- Na daoine sin atá gan dídean a chur i gcóiríocht shealadach agus fhadtéarmach mar is cuí.
- Tithe inacmhainne a sholáthar trí chíos costais, scéim ceannaigh inacmhainne, ceannach ag tionóntaí agus díolachán láithreán seirbhíse.
- Oibriú le forbróirí príobháideacha chun aonaid tithíochta shóisialta a sholáthar faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.
- Deontais Tithíochta a riar.





Seo a leanas an tionchar beartaithe:

- Tá rochtain ag pobail Mhuineacháin ar thithíocht leordhóthanach, shábháilte agus shlán chun freastal ar a riachtanais.
- Tá easpa dídine laghdaithe sa Chontae agus tá rochtain ar chóiríocht ag daoine atá gan dídean.

Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Na spriocanna a leagtar amach sna pleananna ábhartha agus arna leagan síos ag an rialtas a chomhlíonadh.
- Rianú a dhéanamh ar an líon tithe a uasghrádaíodh chuig B2 nó chuig leibhéal níos fearr agus ar na hastaíochtaí carbóin a laghdaíodh de thoradh uasghráduithe gach bliain ar feadh shaolré an phlean, in aghaidh sprioc 100 uasghrádú baile in aghaidh na bliana.
- Rátaí folúntais agus amanna athligin a thomhas, agus sprioc de thréimhse folúntais is gairide ná 14 seachtaine ann.
- Aiseolas a lorg ó thionóntaí trí shuirbhéanna.
- Monatóireacht a dhéanamh ar an líon tithe nua a soláthraíodh in aghaidh na bliana i gcoinne sprioc de 120 in aghaidh na bliana.
- Tithíocht Inacmhainne a sholáthar faoin Scéim Tithíochta ar Phraghas Réasúnta de chuid an Údarás Áitiúil, agus sprioc ann trí scéim den sórt sin a bhaint amach laistigh de chúig bliana, agus 10 n-aonad á soláthar, ar a laghad, in aghaidh na bliana.
- Torthaí tithíochta a thomhas dóibh sin atá gan dídean.
- Monatóireacht a dhéanamh ar thithíocht a soláthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus sprioc 20% de na leithdháiltí ag dul do dhaoine faoi mhíchumas.
- Monatóireacht a dhéanamh ar dheontais a riarar in aghaidh na sprice de €2m in aghaidh na bliana.

Téamaí cothrománacha:

| SFInna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|--|---|---|
|     | <ul style="list-style-type: none"> • Tá leithdháileadh tithíochta agus cóiríochta daoine gan dídean i gcomhréir le cothromas rochtana agus neamh-idirdhealú • Seastar le dínit trí aghaidh a thabhairt ar easpa dídine | <ul style="list-style-type: none"> • Soláthar agus uasghráduithe tithíochta lena bhfeabhsaítear inbhuanaitheacht do dhaoine scothaosta • A chinntiú go dtacaítear le daoine scothaosta atá gan dídean nó atá i mbaol easpa dídine | <ul style="list-style-type: none"> • Éifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe agus maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó |

CUSPÓIR 1A:

ÁITEANNA A SHOLÁTHAR LE CÓNÁÍ IONTU

Cur chun feidhme agus monatóireacht:

| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|----------------------|-----------|
| Tithíocht | Tithíocht |

CUSPÓIR 1B:

PLEANÁIL A DHÉANAMH DO CHONTAE INBHUANAITHE AGUS RATHÚIL

Aidhm straitéiseach:

Feabhsóimid an Contae trí fhorbairt a phleanáil go comhtháite agus go heolach, rud a fhágfaidh go mbeidh Muineachán ina áit iontach le cónaí ann, le hoibriú ann, nó le cuairt a thabhairt air, lena n-áirítear foirgnimh, taitneamhachtaí agus saoráidí chun críoch cónaithe, tráchtála, talmhaíochta agus pobail. Feabhsóimid cáilíocht shaol ár mbailte agus ár sráidbhailte trí láithreáin thréigthe a athghiniúint agus a athnuachan, gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh i lár bailte agus sráidbhailte agus i gceantair thuaithe, an timpeallacht fhisiciúil a fheabhsú agus feabhas a chur ar rochtain agus planáil spásúil le haghaidh siúil, rothaíochta agus iompar poiblí.

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- Aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha Phlean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2025-2031 a chur chun feidhme, nuair a ghlacfar é.
- Leanúint den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023-2029 a chur chun feidhme.
- An réimse poiblí a choinneáil ar bun agus a fheabhsú do mhuintir Chontae Mhuineacháin.
- Na plananna Lár Bailte ar dTús a chur chun feidhme.
- Seirbhísí planála ardcáilíochta, cothromasacha agus éifeachtacha a sholáthar.
- Tacú le forbairt inbhuanaithe i mbailte agus ceantair thuaithe.
- Rialacháin phleanála a fhorghníomhú.

Seo a leanas an tionchar beartaithe:

- Tógáil agus forbairt dhea-phleanáilte i gContae Mhuineacháin.
- Caighdeán feabhsaithe na beatha do chónaitheoirí Mhuineacháin le rochtain ar spásanna poiblí ardcáilíochta.
- Gníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe, lena n-áirítear i lár bailte.
- Éifeachtúlacht fuinnimh, timpeallacht agus maolú feabhsaithe ar an athrú aeráide.


Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Cuspóirí na bPleananna Forbartha Contae atá ann cheana agus atá ina ndréchtaí agus an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) a bhaint amach.
- Cuspóirí na bPleananna Lár Bailte ar dTús a bhaint amach.
- An líon áitreabh folamh a athghníomhachtaíodh a thomhas.
- Méadú a dhéanamh ar rátaí tráchtála ar feadh shaolré an phlean.
- Feabhsuithe in úsáid fuinnimh agus cáilíocht na timpeallachta a thomhas.
- Measúnú a dhéanamh ar cháilíocht agus cothabháil spásanna poiblí sa Chontae.
- Rannpháirteachas leanúnach le pobail agus leis na hearnálacha gnó agus fiontair, agus aiseolas uathu.

CUSPÓIR 1B:

PLEANÁIL A DHÉANAMH DO CHONTAE INBHUANAITHE AGUS RATHÚIL

Téamaí cothrománacha:

| SFInna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|---|--|---|
|  | <ul style="list-style-type: none"> A chinntiú le pleanáil go soláthrófar cothromas rochtana do mhuintir Mhuineacháin | <ul style="list-style-type: none"> Leis an bpleanáil, úsáidtear prionsabail atá fabhrach don aois maidir le dearadh agus rochtain do dhaoine scothaosta Pleanáil lena bhfreastalaítear ar riachtanais daonra níos sine Athghiniúint bailte agus sráidbhailte chun tacú le | <ul style="list-style-type: none"> Leis an bpleanáil, cuirfear san áireamh an gá le féachaint chuige go seasfar an aimsir i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh Pleanáil a dhéanamh chun úsáid laghdaithe a bhaint as gluaisteáin, le haghaidh taisteal gníomhach, agus úsáid mhéadaithe a bhaint as iompar poiblí. |


Cur chun feidhme agus monatóireacht:

| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|----------------------------------|-----------------------------------|
| Pleanáil Ceantair Bhardasacha | Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontar |



SPRIOC 2:

Pobal Rathúil



Tacóimid le pobail trí fhorbairt pobail; daoine a nascadh le bonneagar iompair feabhsaithe; cultúr agus oidhreacht an Chontae a sholáthar agus a chosaint; agus sábháilteacht an phobail a chinntiú.

CUSPÓIR 2A:

TACÚ LE POBAIL CHUN BHEITH RATHÚIL AGUS RACHMASACH

Aidhm straitéiseach:

Soláthróimid seirbhísí forbartha agus tacaíochta agus feabhsóimid bonneagar agus saoráidí pobail chun folláine, ionchuimsiú, rannpháirteachas agus rannpháirtíocht an phobail a chur chun cinn.

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- Cuspóirí LECP 2023-2029 a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht lenár gcuid pobal agus páirtithe leasmhara.
- Aghaidh a thabhairt ar eisiámh sóisialta agus éagothromaíochtaí ar fud ár gcuid pobal, lena n-áirítear an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) a chur i gcrích i gcomhar leis an gCoiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ).
- Tacú agus plé leis an Lónra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) agus lenár gcuid pobal chun riachtanais áitiúla a shainnithint agus freagraí a chur chun feidhme.
- Tionscnaimh a chur chun feidhme trí chláir mhaoinithe amhail Peace Plus, tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus tríd an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS), i measc cinn eile, chun saoráidí agus tacaíochtaí a sholáthar do phobail Mhuineacháin agus tacú le rannpháirteachas trasphobail agus trasteorann.
- Sláinte agus folláine a sholáthar trí thionscnaimh lena n-áirítear clár Mhuineacháin Shláintiúil agus an Tionscnamh Tithe Sláintiúla.
- Rannpháirtíocht i spórt agus gníomhaíocht coirp a chur chun cinn, ag obair le Comhpháirtíocht Spóirt Mhuineacháin agus Plean Spóirt Áitiúil a fhorbairt in 2025.
- Tacú le teachtair nua chuig Muineachán chun comhtháthú i saol an phobail.




Seo a leanas an tionchar beartaithe:

- Pobal rathúil éagsúil agus rochtain chothrom agus chothromasach ann ar sheirbhísí, tacaíochtaí agus saoráidí pobail.
- Sláinte agus folláine fheabhsaithe do mhuintir Chontae Mhuineacháin le rannpháirtíocht mhéadaithe i spórt agus gníomhaíocht coirp sa Chontae.
- Saoráidí agus imeachtaí pobail feabhsaithe.
- Caighdeán feabhsaithe na beatha dár gcuid pobal uile.

Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Cuspóirí LECP a bhaint amach.
- Tuiriscíú ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme SICAP.
- Measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le táscairí sláinte, gníomhaíochta coirp agus folláine don Chontae.
- Aiseolas a lorg ó chónaitheoirí i ndáil le saol an phobail.

Téamaí cothrománacha:

| SFIIna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|---|--|--|
|    | <ul style="list-style-type: none"> • Seasamh le cearta daonna chónaitheoirí uile Mhuineacháin • Cothromas agus éagsúlacht inár gcuid pobal a chur chun cinn | <ul style="list-style-type: none"> • Tacú le daoine scothaosta i bhforbairt pobail • Gnéithe de LECP, atá fabhrach don aois, a chur chun feidhme | <ul style="list-style-type: none"> • Feasacht agus gníomhaíocht an phobail i ndáil le gníomhú ar son na haeráide agus éifeachtúlacht fuinnimh |

Cur chun feidhme agus monatóireacht:

| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|---|---|
| Forbairt Pobail Ceantair Bhardasacha | Turasóireacht, Forbairt Tuaithe agus Pobail; an Ghaeilge agus Seirbhísí Cultúrtha |

CUSPÓIR 2B:

BÓITHRE AGUS IOMPAR CHUN ÁR gCUID POBAL A NASCADH

Aidhm straitéiseach:

Saol an phobail a fheabhsú i Muineachán trí iompar agus bonneagar bóthair inbhuanaithe a sholáthar lenar gcumasaítear do dhaoine obair, oideachas agus gníomhaíochtaí sóisialta a rochtain go héasca, lena gcuirtear taisteal gníomhach chun cinn chomh maith le deiseanna le haghaidh gníomhaíocht shláintiúil, laghdú a dhéanamh ar spleáchas gluaisteán agus ar ár lorg carbóin, lena gcumasaítear dár bpobail an t-aistriú a dhéanamh chuig modhanna iompair inbhuanaithe.

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- Cuspóirí Iompair agus Bonneagair na bPleananna Forbartha Contae atá ann cheana agus atá ina ndrécataí a chur chun feidhme.
- Plean Iompair Comhtháite agus Pleananna Iompair Áitiúil a fhorbairt agus a chur chun feidhme don Chontae agus dá phríomhbhailte.
- Straitéis cothabhála bóithre a fhorbairt chun éifeachtúlacht acmhainní a uasmhéadú agus díghrádú sócmhainní a bhainistiú go gníomhach.
- Bonneagar bóthair agus iompair nua a thógáil chun freastal ar riachtanais mhuintir Mhuineacháin.
- Ár mbonneagar iompair phoiblí a fhorbairt, i gcomhpháirtíocht le soláthraithe iompair phoiblí amhail Nasc Áitiúil agus Bus Éireann, trí sheirbhísí iompair phoiblí a chur chun cinn agus a mhéadú ar fud an Chontae.




Seo a leanas an tionchar beartaithe:

- Tá rochtain ag pobail i gContae Mhuineacháin ar bhonneagar iompair agus bóthair lena gcumasaítear amanna turais níos gairide, agus athrú modhach fiúntach i dtreo iompar poiblí agus roghanna siúil agus rothaíochta sábháilte.
- Déantar bonneagar bóthair a chothabháil ar ardchaighdeán.
- Soláthraítear bonneagar bóthair nua atá riachtanach.
- Tháinig méadú ar thaisteal gníomhach agus úsáid iompair phoiblí.
- Tháinig méadú ar bhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha chun freastal ar ár gcuid pobal.

Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Na cuspóirí a leagtar amach i bPlean Forbartha an Chontae a bhaint amach.
- Torthaí na bPleananna Iompair Comhtháite agus Áitiúla a thomhas.
- Tuairisciú ar thógáil bóithre, uasghráduithe agus méadracht cothabhála.
- Rianú a dhéanamh ar úsáid iompair phoiblí agus taisteal gníomhach chónaitheoirí agus chuirteoirí Mhuineacháin.
- Straitéis feithiclí leictreacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme don Chontae chun bonneagar feithiclí leictreacha a sholáthar inár bpobail.

Téamaí cothrománacha:

| SFINna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|---|---|--|
|    | <ul style="list-style-type: none"> • Rochtain gach ball den phobal ar sheirbhísí, fostaíocht, oideachas agus gníomhaíochtaí sóisialta a mhéadú | <ul style="list-style-type: none"> • Inrochtaineacht a chur chun cinn ar fud an Chontae do dhaoine scothaosta. • Infhaighteacht an iompair phoiblí a fheabhsú do dhaoine scothaosta | <ul style="list-style-type: none"> • Spleáchas laghdaithe ar úsáid gluaisteán • Astaíochtaí carbóin laghdaithe |

Cur chun feidhme agus monatóireacht:

| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|---|--|
| Pleanáil Tionscadal Caipitil do Bhóithre agus Iompar Ceantair Bhardasacha | Iompar Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontar |

CUSPÓIR 2C:

CULTÚR AGUS OIHDREACT SHAIBHIR I bPOBAIL MHUINEACHÁIN

Aidhm straitéiseach:

Saibhreoimid saol an phobail i Muineachán trí oidhreact uathúil an Chontae a chosaint agus a chur chun cinn agus rochtain a sholáthar ar ár seirbhísí agus gníomhaíochtaí leabharlainne, ealaíon agus cultúrtha, lena n-áirítear cur chun cinn na Gaeilge.

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- Rochtain a sholáthar ar ár seirbhísí leabharlainne, músaem, ealaíon agus ar sheirbhísí agus ionaid chultúrtha eile inár bpobail.
- Leabharlanna nua-aimseartha, inrochtana a sholáthar sna cúig phríomhbhaile de chuid an Chontae, lena n-áirítear infheistíocht i leabharlanna nua agus na leabharlanna atá ann cheana a uasghrádú.
- An Campas Síochána a oibriú chun tairbhe do mhuintir Mhuineacháin.
- An Plean Forbartha Leabharlainne, an Straitéis Ealaíon, an Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta agus an Plean Forbartha Músaem a chur chun feidhme.
- Tacú le húsáid na Gaeilge i Muineachán agus lena cur chun cinn.
- Na Cuspóirí Oidhreachta, Caomhnaithe, Bithéagsúlachta agus Tírdhreacha Straitéiseacha a chur chun feidhme i bPlean Forbartha an Chontae.
- Leanúint de Phlean Straitéiseach Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Mhuineacháin 2020-2025 a chur chun feidhme agus plean Oidhreacha nua a fhorbairt do 2026-2030.



Seo a leanas an tionchar beartaithe:

- Rochtain leanúnach a bheith ag na pobail ar ár gcuid leabharlann, ionad agus imeachtaí ealaíon, músaem agus ar sheirbhísí cultúrtha eile chun tacú le caighdeán a mbeatha agus lena fheabhsú.
- Go mbeidh oidhreact Mhuineacháin cosanta agus inrochtana ag pobail agus cuairteoirí chun go mbainfidh siad taitneamh aisti.

Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Cuspóirí an Phlean Forbartha Leabharlainne, na Straitéise Ealaíon, na Straitéise Cultúir agus Cruthaitheachta agus an Phlean Forbartha Músaem a bhaint amach.
- Cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae a bhaint amach.
- Tuairisciú ar an bPlean Bithéagsúlachta agus Oidhreachta a chur chun feidhme agus ar a chomharba a chur chun feidhme.
- An úsáid agus an sásamh le seirbhísí leabharlainne sa Chontae a thomhas.
- Tuairisciú ar úsáid leabharlann, músaem, ealaíon agus seirbhísí cultúrtha agus an tionchar ar shaol an phobail.
- Oibleagáidí reachtúla na Comhairle a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Téamaí cothrománacha:

| SFIInna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|--|--|--|
|   | <ul style="list-style-type: none"> • Cothromas rochtana a chinntiú ar láithreáin oidhreachta, seirbhísí leabharlainne, ealaíon agus cultúrtha | <ul style="list-style-type: none"> • Seirbhísí agus imeachtaí leabharlainne agus ealaíon agus cultúrtha eile chun tacú le daoine scothaosta | <ul style="list-style-type: none"> • Oidhreact chomhshaoil a chosaint |

Cur chun feidhme agus monatóireacht:

| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|---|--|
| Leabharlann a an Oifig Ealaíon Músaem Oidhreact Turasóireacht | Turasóireacht, Forbairt Tuaithe agus Pobail; an Ghaeilge agus Seirbhísí Cultúrtha An Comhshaoil agus Gníomhú ar son na hAeráide |

CUSPÓIR 2D:

SÁBHÁILTEACHT PHOIBLÍ A CHINNTIÚ DÁR gCUID POBAL

Aidhm straitéiseach:

Soláthróimid seirbhísí dóiteáin, rialaithe foirgníochta agus seirbhísí agus bonneagar sábháilteachta poiblí eile, i dteannta tacú le Coistí Comhpháirtíochta um Shábháilteacht an Phobail Áitiúil, chun tacú lenár bpobail

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- Seirbhísí práinnfhreagartha dóiteáin agus cosanta sibhialta a sholáthar.
- Feasacht agus oideachas um chosc dóiteáin a chur chun cinn chun damáiste dóiteáin, gortú agus básanna a chosc.
- Rialacháin rialaithe foirgníochta a iniúchadh agus a fhorghníomhú.
- A chinntiú go mbeidh soilsiú poiblí leordhóthanach agus cuí.
- Sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn trí bhonneagar agus oideachas bóthair agus iompair feabhsaithe.
- Monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht ár dtaitneamhachtaí poiblí agus ár mbonneagair.
- Oibriú le chéile le páirtithe leasmhara áitiúla chun tacú le hobair na Comhpháirtíochta um Shábháilteacht an Phobail.



Seo a leanas an tionchar beartaithe:

- Timpeallacht shábháilte chun go bhféadfaidh pobail a bheith rathúil.
- Minicíocht laghdaithe dóiteáin.
- Sábháilteacht fheabhsaithe ar bhóithre.
- Stáisiúin dóiteáin atá nua-aimseartha agus oiriúnach don fheidhm i ngach ceann de na cúig phríomhbhaile de chuid an chontae.

Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Monatóireacht a dhéanamh ar mhinicíocht dóiteáin agus práinnfhreagairt.
- Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht agus comhlíontacht rialaithe foirgníochta.
- Rianú a dhéanamh ar ghníomhaíocht um chosc dóiteáin agus feasacht ina leith.
- Tuairisciú ar Tháscairí NOAC maidir le Seirbhísí Dóiteáin
- Tuairisciú ar fheabhsuithe sábháilteachta ar bhóithre.

Téamaí cothrománacha:

| SFInna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|---|--|---|
|   | <ul style="list-style-type: none"> • Sábháilteacht phoiblí a chinntiú do gach duine ar bhonn cothromasach • A chinntiú go mbeidh foirgnimh i gcomhréir le rialacháin rochtana | <ul style="list-style-type: none"> • Pobail agus bóithre níos sábháilte do dhaoine scothaosta | <ul style="list-style-type: none"> • Cáilíocht tógála fheabhsaithe • Úsáid gluaisteáin laghdaithe ar bhóithre |

Cur chun feidhme agus monatóireacht:

| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|--|---|
| Pleanáil Rialaithe Dóiteáin agus Foirgníochta Bóithre agus Iompar Ceantar Bardasach Forbairt Pobail Sláinte agus Sábháilteacht | An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide Turasóireacht, Forbairt Tuaithe agus Pobail; an Ghaeilge agus Seirbhísí Cultúrtha Iompar |

Baile Oidhreachta, Cluain Eois



SPRIOC 3:

Geilleagar Láidir



Soláthróimid forbairt eacnamaíoch agus tacaíochtaí fiontair chun gnó a chur chun cinn agus a fhorbairt sa Chontae; tacóimid le méadú ar thurasóireacht chuig Muineachán; agus cuirfimid gníomhaíocht eacnamaíoch tuaithe chun cinn.

CUSPÓIR 3A:

CUR LE GNÍOMHAÍOCHT EACNAMAÍOCH AGUS Í A FHÁS I MUINEACHÁN

Aidhm straitéiseach:

Cuirfimid gníomhaíocht eacnamaíoch chun cinn i Muineachán, i gceantair uirbeacha agus thuithe, trí phríomhthacaíochtaí bonneagair agus fiontair a sholáthar chun gnólachtaí atá nua agus atá ag dul i méid a spreagadh le bheith rathúil sa Chontae.

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- Aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha Phlean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2025-2031 a chur chun feidhme, nuair a ghlacfar é.
- Na Cuspóirí Eacnamaíocha a chur chun feidhme in LECP.
- Tacú le hinfheistiú chuig Muineachán i gcomhar le GFT, Fiontraíocht Éireann agus Idir-Thrádáil Éireann.
- Tacaíochtaí fiontraíochta a sholáthar tríd an Oifig Fiontair Áitiúil, chomh maith le deontais tríd an Oifig Airgeadais chun fás eacnamaíoch a spreagadh agus a chothú.




Seo a leanas an tionchar beartaithe:

- Gníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe agus fás fostaíochta i gContae Mhuineacháin.
- Deiseanna fostaíochta cáilíochta fadtéarmacha méadaithe do dhaoine atá ina gcónaí sa Chontae nó atá ag féachaint le haistriú chuige.
- Ioncam méadaithe don Chomhairle chun infheistiú i soláthar seirbhíse.

Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Tuairisciú ar fhigiúirí fostaíochta agus ar an miondealú ar chineálacha fostaíochta.
- Rianú a dhéanamh ar ioncaim ráta tráchtála chuig an gComhairle.
- Na príomhtháscairí feidhmíochta atá ag Fiontraíocht Éireann a chomhlíonadh tríd an Oifig Fiontair Áitiúil
- Tuairisciú ar Tháscairí NOAC maidir le Seirbhís Pleanála

Téamaí cothrománacha:

| SFIIna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|---|--|---|
|    | <ul style="list-style-type: none"> • Tríd an bhfostaíocht ar bhonn cothromasach, méadaítear deiseanna do chách | <ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go gcuirfidh gnólachtaí, dá dtugann an Chomhairle tacaíocht chun tosú agus fás, daoine scothaosta san áireamh i ndáil le fostaíocht, dearadh foirgneamh agus soláthar seirbhíse | <ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go mbeidh gníomhaíocht agus fás eacnamaíoch nua de chineál freagrach ó thaobh an chomhshaoil de • Tacaíochtaí fiontraíochta glaise i réimsí gnó a spreagadh |

Cur chun feidhme agus monatóireacht:

| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|---|-----------------------------------|
| Forbairt Eacnamaíoch, Oifig Fiontair Áitiúil, Pleanáil, Airgeadas | Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontar |

“GNÍOMHAÍOCHT EACNAMAÍOCH AGUS FÁS FOSTAÍOCHTA MÉADAITHE I gCONTAE MHUINEACHÁIN.”

CUSPÓIR 3B:

AN TURASÓIREACTH A CHUR CHUN CINN I gCONTAE MHUINEACHÁIN

Aidhm straitéiseach:

Méadóimid gníomhaíocht turasóireachta i gContae Mhuineacháin chun gníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe a ghiniúint, deiseanna fostaíochta méadaithe a sholáthar agus tacú le gnólachtaí Mhuineacháin.

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- Rannchuidiú leis an Straitéis Turasóireachta a chur chun feidhme i gcomhar le Fóram Turasóireachta agus Caithimh Aimsire Mhuineacháin.
- Bonneagar agus spásanna atá fabhrach don turasóireacht a phleanáil agus a sholáthar ar fud an Chontae.
- Tacaíochtaí gnó a sholáthar d'fhiontair san earnáil turasóireachta i Muineachán i gcomhar le Fáilte Éireann agus Oifig Fiontair Áitiúil Mhuineacháin.
- Tacú le himeachtaí agus féilte a fhorbairt agus a chur chun cinn i Muineachán.
- Oidhreacht agus cultúr Mhuineacháin a chur chun cinn do thurasóirí.




Seo a leanas an tionchar beartaithe:

- Gníomhaíocht turasóireachta mhéadaithe i gContae Mhuineacháin.
- Fás i ngnólachtaí na hearnála turasóireachta sa Chontae.
- Deiseanna fostaíochta méadaithe san earnáil turasóireachta.

Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Sonraí a chur ar fáil maidir le líonta turasóirí méadaithe agus tairbhí eacnamaíocha don Chontae.
- Fás gnó turasóireachta a rianú.
- Tuairiscíú ar infheistíocht i dtionscadail bhonneagair atá fabhrach don turasóireacht.
- Méadú tuairiscithe ar fhighiúirí fostaíochta na hearnála turasóireachta.

Téamaí cothrománacha:

| SFInna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|---|---|--|
|    | <ul style="list-style-type: none"> • Rochtain mhéadaithe ar fhostaíocht • A chinntiú go mbeidh suíomhanna turasóireachta chomh hinrochtana agus is féidir | <ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go mbeidh suíomhanna turasóireachta fabhrach don aois ó thaobh inrochtaineachta agus iompair | <ul style="list-style-type: none"> • Bithéagsúlacht agus oidhreacht chomhshaoil a chosaint • Deiseanna áineasa a sholáthar laistigh den Chontae do chónaitheoirí |

Cur chun feidhme agus monatóireacht:

| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|---|---|
| Turasóireacht acht Pleanáil Forbairt Eacnamaíoch Oidhreacht Ceantair Bhardasacha | Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontair Turasóireacht, Forbairt Tuaithe agus Pobail; an Ghaeilge agus Seirbhísí Cultúrtha |

Muirín Chluain Eois



SPRIOC 4:

Todhchaí Inbhuanaithe



Tógfaimid todhchaí atá athléimneach agus inbhuanaithe do Mhuineachán trí spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide a chur chun feidhme; bithéagsúlacht an Chontae a chosaint, a chaomhnú agus a mholadh; dramhaíl a bhainistiú go freagrach; tacú le grúpscéimeanna uisce agus monatóireacht a dhéanamh ar chóireáil fuíolluisce tí agus ár n-aibhneacha agus ár lochanna a chosaint.

CUSPÓIR 4A:

AGHAIDH A THABHAIRT AR FHREAGRACHTAÍ AN ATHRAITHE AERÁIDE

Aidhm straitéiseach:

Gníomhaíocht a threorú, tacú léi agus í a spreagadh chun contae atá seasmhach ó thaobh na haeráide, ina bhfuil cuid mhór bithéagsúlachta, agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil a bhaint amach chomh maith le geilleagar áitiúil aeráidneodrach, trí athrú claochlaitheach agus gníomhaíocht intomhaiste ar son na haeráide a sholáthar ar fud an Chontae agus laistigh dár n-eagraíocht féin, trí cheannaireacht, eiseamláir agus gníomhaíocht a ghríosú ar leibhéal áitiúil.

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- Spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029 a chur chun feidhme.
 - Gníomhú ar son na haeráide a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar fud ghníomhaíochtaí agus oibríochtaí uile na Comhairle.
 - Gníomhaíochtaí ar son na haeráide a shaothrú chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú ó thaobh na timpeallachta tógtha agus an iompair agus laghdúithe astaíochta a bhaint amach i gcomhréir le spriocanna náisiúnta.
 - Timpeallacht nádúrtha Chontae Mhuineacháin a fheabhsú agus tacú le réitigh dhúlrbhunaithe le haghaidh athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus laghdúithe astaíochtaí, agus an bithéagsúlacht shaibhrithe á cur chun cinn san am céanna.
 - Tacú le pobail, agus iad a chumasú, chun gníomhaíochtaí áitiúla ar son na haeráide a bhaint amach chun inbhuanaitheacht agus athléimneacht a fheabhsú.
 - Geilleagar inbhuanaithe agus ciorclach a chruthú laistigh dár n-eagraíocht agus tacú lenár bpobail chun an méid céanna a bhaint amach.


Seo a leanas an tionchar beartaithe:

- Tá ár gcuid pobal rannpháirteach go gníomhach agus ar an eolas faoi ghníomhú ar son na haeráide agus tá tionscadail curtha chun feidhme acu chun éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr agus astaíochtaí laghdaithe a sholáthar, go háirithe i leith Chrios Dícharbónaithe Bhaile Mhuineacháin.
- Laghdú ar ár dtionchar comhshaoil, éifeachtúlacht acmhainní fheabhsaithe agus tairbhí comhshaoil agus eacnamaíocha fadtéarmacha.
- Contae atá níos athléimní ó thaobh an tionchair atá ag teagmhais a bhaineann leis an athrú aeráide.
- Beidh éifeachtúlacht fuinnimh níos mó ag baint le forbairt eacnamaíoch i gContae Mhuineacháin agus is féidir gnólachtaí a thógáil agus a fhás san earnáil seo tríthi.

Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Na spriocanna a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a bhaint amach, arb éard atá lárnach iontu spriocanna a bhaineann le laghdú 51% in astaíochtaí gás ceaptha teasa agus feabhsú 50% in éifeachtúlacht fuinnimh do Chomhairle Contae Mhuineacháin faoi 2030.
- Measúnú a dhéanamh ar fheasacht an phobail ar an athrú aeráide agus ar ghníomhaíocht a bhaineann léi.

Téamaí cothrománacha:

| SFIIna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|---|---|--|
|  | <ul style="list-style-type: none"> • An todhchaí a chosaint do chách i Muineachán • Aghaidh a thabhairt ar thionchar éagothromasach an athraithe aeráide ar phobail | <ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go dtabharfar aghaidh ar thionchair an athraithe aeráide ar dhaoine scothaosta | <ul style="list-style-type: none"> • Cuspóirí agus spriocanna na Comhairle maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme |

Cur chun feidhme agus monatóireacht:

| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|----------------------|---------|
|----------------------|---------|

UILE

An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide, Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontraíocht, Tithíocht, Iompar

CUSPÓIR 4B:

BITHÉAGSÚLACHT AN CHONTAE A CHOSAINT, A CHAOMHNÚ AGUS A MHOLADH

Aidhm straitéiseach:

Caomhnóimid an bhithéagsúlacht uathúil i gContae Mhuineacháin agus cinnteoidimid go gcosnófar, go bhfeabhsófar agus go gcuirfear chun cinn í.

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- An Plean Straitéiseach Bithéagsúlachta agus Oidhreachta 2020-2025 agus straitéis bithéagsúlachta ina dhiaidh sin a chur chun feidhme.
- Tabhairt faoi shuirbhéanna gnáthóige, obair mhapála, feasachta poiblí agus chaomhantais chun gnáthóga tábhachtacha a chosaint agus a chaomhnú.
- Tabhairt faoi shuirbhéanna speiceas, go háirithe iad sin ar chlár na speiceas faoi chosaint.
- Feasacht agus dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le fála scean agus coillearnach a chaomhnú.
- Feirmeoireacht ar son an dúlra agus cleachtais eile a spreagadh in earnáil an ghnó talmhaíochta lena ndéantar an bhithéagsúlacht a chur chun cinn agus a chosaint.
- Pobail a chumhachtú chun gníomhú ar son na bithéagsúlachta ina gceantair áitiúla trí mhaoiniú, saíneolas, tacaíocht nó oiliúint a sholáthar nó daoine a threorú chuig na seirbhísí sin.


Seo a leanas an tionchar beartaithe:

Leanann bithéagsúlacht Mhuineacháin de bheith faoi rath agus de bheith ina gné luachmhar d'Inbhuanaitheacht amach anseo laistigh den Chontae.

Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Cuspóirí Plean Straitéiseach Bithéagsúlachta agus Oidhreachta 2020-2025 agus na straitéise ina dhiaidh sin a bhaint amach.
- Suirbhéanna speiceas a chur i gcrích agus gníomhaíochtaí molta a dhéanamh.
- Rannpháirtíocht an phobail in imeachtaí, cainteanna, ceardlanna, oiliúint etc. a thairfeadh.

Téamaí cothrománacha:

| SFInna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|---|--|---|
|  | <ul style="list-style-type: none"> • Cur i bhfeidhm cothrom na monatóireachta agus rochtain ar thacaíochtaí a chinntiú. • An comhshaol a chosaint do chách i Muineachán | <ul style="list-style-type: none"> • Oidhreacht chomhshaoil uathúil an Chontae a chosaint do dhaoine scothaosta | <ul style="list-style-type: none"> • Gnáthóga nádúrtha lena maolaítear an t-athrú aeráide a chosaint |

Cur chun feidhme agus monatóireacht:

| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|--|--|
| An Bhithéagsúlacht t an Comhshaol Ceantair Bhardasacha | An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide |

“ CAOMHNÓIMID AN BHITHÉAGSÚLACHT UATHÚIL I gCONTAE MHUINEACHÁIN AGUS CINNTEOIMID GO mBEIDH SÍ **COSANTA, CAOMHNAITHE, FEABHSAITHE AGUS CURTHA CHUN CINN.** ”

CUSPÓIR 4C:

AN DRAMHAÍL A BHAINISTIÚ AGUS MONATÓIREACTH A DHÉANAMH AR CHÁILÍOCHT AN AEIR AGUS AN UISCE AGUS Í A CHOSAINT

Aidhm straitéiseach:

Cosnóimid timpeallacht an Chontae trí chláir oibre feasachta, rialála agus forfheidhmithe a chur chun feidhme sna réimsí a bhaineann le cáilíocht an uisce, cáilíocht an aeir, bruscar, agus bainistiú dramhaíola i gcomhréir le tosaíochtaí forfheidhmithe comhshaoil náisiúnta.

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- Seirbhísí comhshaoil a sholáthar chun a chinntiú go mbainistíofar dramhaíl tí agus tráchtála i gceart.
- Laghdú ar ghiniúint dramhaíola a chur chun cinn laistigh den Chomhairle agus ar fud an Chontae araon.
- Saoráidí agus seirbhísí um bailiú dramhaíola a sholáthar agus monatóireacht a dhéanamh ar dhumpáil neamhdhleathach le forfheidhmiú pionós i gcás inar gá.
- Iniúchadh agus monatóireacht a dhéanamh ar ghrúpscéimeanna uisce agus saoráidí cóireála dramhaíola tí agus rochtain a sholáthar ar dheontais chun feabhsuithe a dhéanamh ar shaoráidí cóireála dramhaíola tí.
- Iniúchadh agus monatóireacht a dhéanamh ar dhoirteadh eisiltigh ceadúnaithe.
- Reachtaíocht uisce agus bearta ábhartha den Phlean Gníomhaíochta um Uisce (2022-2027) a chur chun feidhme chun cáilíocht aibhneacha, lochanna agus screamhuisce a chosaint sa Chontae.
- Iniúchadh agus monatóireacht a dhéanamh ar shaoráidí atá ceadúnaithe faoin reachtaíocht maidir le cáilíocht an aeir.
- An úsáid a bhaintear as breoslaí soladacha ceadaithe a chur chun cinn.




Seo a leanas an tionchar beartaithe:

- Tionchar comhshaoil laghdaithe ó ghníomhaíochtaí bainistithe dramhaíola.
- Timpeallacht níos slachtmhaire ina bhfuil bruscar agus gníomhaíocht dumpála neamhdhleathaí laghdaithe.
- Cáilíocht fheabhsaithe an uisce agus laghdú ar neamhchomhlíonadh caighdeán maidir le cáilíocht an uisce.
- Cáilíocht fheabhsaithe an aeir.

Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Monatóireacht a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht faoi Chreat Feidhmíochta RMCEI an Údarás Áitiúil.

Téamaí cothrománacha:

| SFInna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|---|---|--|
|    | <ul style="list-style-type: none"> • Comhionannas cóireála i ndáil le bainistiú dramhaíola agus uisce a chinntiú | <ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú nach bhfuil daoine scothaosta á gcur i mbaol de dheasca na rochtana atá acu ar uisce agus saoráidí fuíolluisce | <ul style="list-style-type: none"> • Bainistiú dramhaíola freagrach • Cáilíocht an aeir agus an uisce a fheabhsú • Acmhainní uisce a chosaint |

Cur chun feidhme agus monatóireacht:

| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|---|---|
| Timpeallacht Uisce Tuaithe Ceantair Bhardasacha | An Comhshaoil agus Gníomhú ar son na hAeráide |

SPRIOC 5:

Comhairle Ardfheidhmíochta

Leanfaimid de shármhaitheas a chur i bhfeidhm, nuálaíocht a chuimsiú, claochlú go digiteach; agus éiteas d'fheabhsú leanúnach a leabú. Earcóimid agus forbróimid foireann na Comhairle agus tacóimid léi chun feidhmiú ar na caighdeáin is airde, agus díreoimid ar fholláine ár muintire.

I dteannta ár gComhaltaí Tofa, oibreóimid i gcompháirtíocht ar fud an Chontae agus go náisiúnta chun beart a dhéanamh de réir briathair go héifeachtach do mhuintir Mhuineacháin, le linn seasamh leis na caighdeáin rialachais is airde.

CUSPÓIR 5A:

NUÁLAÍOCHT, CLAOCHLÚ DIGITEACH AGUS FEABHSÚ LEANÚNACH

Aidhm straitéiseach:

Gach a ndéanaimid a dhéanamh ar bhealach níos fearr, trí fheabhas leanúnach a chur ar conas a sholáthraímid agus a bhainistímid seirbhísí trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht agus cuir chuige nuálacha.

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- Leanúint ar aghaidh leis an gclár um chlaochlú digiteach sa Chomhairle
- Leanúint de bheith mar phríomhúdarás do MyCoCo
- Cur le héiteas na nuálaíochta laistigh den eagraíocht trí thacú le tionscadail agus próisis nuálaíochta inmheánacha, athbhreithnithe próisis agus bealaí nua chun an teicneolaíocht a chur i bhfeidhm.
- Bealaí nua a sholáthar chun idirghníomhú custaiméirí a chumasú leis an gComhairle, chun freagairt dá riachtanais agus seirbhísí a sholáthar.
- Bonneagar TFC ardcháilíochta agus slán agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar do chomhaltaí na Comhairle agus do Chomhaltaí Tofa chun tacú le soláthar seirbhíse éifeachtach agus éifeachtúil.



Seo a leanas an tionchar beartaithe:

- Soláthar níos fearr a dhéanamh dár gcuid custaiméirí.
- Próisis agus gníomhaíocht oibríochtúil níos éifeachtúla

Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Measúnú a dhéanamh ar ár ndul chun cinn ar chlaochlú digiteach.
- Aiseolas a fháil ó chustaiméirí ar rannpháirteachas leis an gComhairle agus seirbhísí uaithe ar a raibh tionchar ag uirlisí nó próisis nua le haghaidh cumarsáide, freagairt níos fearr nó feabhsú seirbhíse.

Téamaí cothrománacha:

| SFInna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|--|--|--|
|   | <ul style="list-style-type: none"> • Feabhas a chur ar ár soláthar seirbhíse dár gcustaiméirí uile lena n-áirítear freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do riachtanais shonracha | <ul style="list-style-type: none"> • Bealaí a shainaithint chun freagairt ar bhealach níos fearr do riachtanais daoine scothaosta | <ul style="list-style-type: none"> • Cuir chuige nuálacha chun astaíochtaí a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú |

Cur chun feidhme agus monatóireacht:

| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|----------------------|---------|
| TF agus Nuálaíocht | |

“GACH A NDÉANAIMID A DHÉANAMH AR BHEALACH NÍOS FEARR, TRÍ FHEABHAS LEANÚNACH A CHUR AR CONAS **A SHOLÁTHRAÍMID AGUS A BHAINISTÍMID SEIRBHÍSÍ TRÍ ÚSÁID NA TEICNEOLAÍOCHTA AGUS NA NUÁLAÍOCHTA CUIR CHUIGE.**”

CUSPÓIR 5B:

TACÚ LE FOIREANN AN CHONTAE AGUS Í A FHORBAIRT

Aidhm straitéiseach:

Leanfaimid d'áit oibre atá sábháilte, freagrúil agus gairmiúil a sholáthar dár bhfoireann, ina bhfuil meas ar an gcion a dhéanann sí agus ina n-aithnítear sin. Aithnímid go bhfuil folláine na foirne lárnach chun ár gcuid spriocanna a bhaint amach agus seirbhís eisceachtúil a sholáthar agus cothóimid áit oibre thacúil agus shláintiúil dár bhfoireann trí thionscnaimh folláine leanúnacha agus amach anseo. Cuirfimid oiliúint uirthi agus forbróimid í chun feidhmíú ar na caighdeáin is airde de sholáthar seirbhíse agus chun dul chun cinn a dhéanamh ina gairm bheatha.

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- Plean Fórsa Oibre Straitéiseach a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
- Comhroinnt faisnéise agus comhoibriú idir-rannach a fheabhsú.
- Éagsúlacht, cothromas agus ionchuimsiú inár meitheal foirne a chur chun cinn.
- Foireann den scoth a mhealladh agus a choinneáil trí straitéisí earcaíochta nuálacha agus éifeachtacha.
- Feidhm acmhainní daonna éifeachtach, chuimsitheach agus thacúil a sholáthar.
- Feidhmíocht na foirne a bhainistiú agus riachtanais agus deiseanna forbartha a shainaithe trí phróiseas bliantúil CBFF.
- Deiseanna oiliúna agus forbartha cuí a sholáthar, lena n-áirítear cláir chóitseála agus mheantóireachta, chun an fhoireann a réiteach chun a cuid feidhmeanna a sholáthar agus chun í a ullmhú do dheiseanna le dul ar aghaidh.
- Clár folláine foirne a fhorbairt agus a chur chun feidhme.
- Comhlíonadh caighdeán sláinte agus sábháilteachta a chur chun feidhme agus monatóireacht a dhéanamh air sin chun timpeallacht oibre shábháilte a chinntiú dár bhfoireann.




Seo a leanas an tionchar beartaithe:

- Cultúr áite oibre a chinntiú atá sábháilte, gníomhach, freagrúil, gairmiúil, éagsúil agus cuntasach, mar a mothaíonn an fhoireann go bhfuil meas uirthi.
- Áit oibre thacúil agus shláintiúil a chinntiú dár bhfoireann, rud a thacaíonn léi agus le rath agus athléimneacht fhadtéarmach ár n-eagraíochta.
- Is roghfhostóir í Comhairle Contae Mhuineacháin laistigh den Chontae agus d'earnáil an údaráis áitiúil.
- Cumhachtaítear don fhoireann beart a dhéanamh de réir briathair maidir lena cuid ról agus freagrachtaí.

Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Forbairt agus cur chun feidhme pleananna agus clár a chinntiú.
- Rátaí coinneála agus láimhdeachais a thomhas.
- Suirbhéanna agus aiseolas um shástacht foirne a dhéanamh.
- Tuairiscíú ar shláinte agus sábháilteacht.

Téamaí cothrománacha:

| SFINna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|---|---|---|
|    | <ul style="list-style-type: none"> • Caitheamh ar bhealach cothrom agus cothromasach leis an bhfoireann uile • An éagsúlacht a fheabhsú san áit oibre | <ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú nach ndéanfar aon aoiseachas | <ul style="list-style-type: none"> • Tacú leis an bhfoireann, agus oiliúint a chur uirthi, chun cuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide a bhaint amach |

CUSPÓIR 5B:

TACÚ LE FOIREANN AN CHONTAE AGUS Í A FHORBAIRT

Cur chun feidhme agus monatóireacht:

| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|---|---------|
| Acmhainní Daonna Sláinte agus Sábháilteacht Seirbhísí Corparáideacha | |

CUSPÓIR 5C:

OIBRIÚ I gCOMHPHÁIRTÍOCHT CHUN BEART A DHÉANAMH DE RÉIR BRIATHAIR DO

Aidhm straitéiseach:

I dteannta ár gComhaltaí Tofa, tabharfaimid ár bpáirtithe leasmhara pobail, gnó agus poiblí sa Chontae agus go náisiúnta le chéile chun tionscadail agus seirbhísí príomha a sholáthar do mhuintir Mhuineacháin.

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- Oibriú lenár bpobail tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail.
- Leanúint de bheith ag obair i gcomhar le páirtithe leasmhara chun na cláir agus na seirbhísí atá ann cheana a chur i gcrích.
- Bealaí nua a shainiú le bheith ag obair le chéile chun seirbhísí a sholáthar go héifeachtach agus tionscadail a chur i gcrích.
- Deiseanna rochtana lena n-éilítear obair chomhpháirtíochta a rochtain.
- A bheith rannpháirteach i líonraí ar fud phobail agus earnálacha gnó Mhuineacháin agus tacaíocht a sholáthar dóibh.


Seo a leanas an tionchar beartaithe:

- Torthaí feabhsaithe a chinntiú do phobail Mhuineacháin ó bhealaí comhoibríochta agus éifeachtúlaithe a bhaineann le freagairt dá riachtanais.

Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Aiseolas a lorg trí LRP.
- Measúnú a dhéanamh ar thorthaí tionscadal a cuireadh i gcrích ar bhealaí comhoibríochta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar aiseolas ónár dtionscnaimh chomhoibríochta ó chustaiméirí agus páirtithe leasmhara.
- Monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht i líonraí sa Chontae agus ar aiseolas uathu.

Téamaí cothrománacha:

| SFInna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|--|--|--|
|  | <ul style="list-style-type: none"> • Oibriú le páirtithe leasmhara ar fud grúpaí agus riachtanais éagsúla | <ul style="list-style-type: none"> • Cuir chuige chomhoibríochta agus chuimsitheacha maidir le freagairt do riachtanais daoine scothaosta | <ul style="list-style-type: none"> • Cuir chuige chomhpháirtíochta maidir le haghaidh a thabhairt ar cheanglais um gníomhú ar son na haeráide a threorú |

Cur chun feidhme agus monatóireacht:

| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|----------------------|---------|
| Uile | Uile |

CUSPÓIR 5D:

RIALACHAS LÁIDIR, TRÉDHEARCAHT AGUS CUNTASACHT

Aidhm straitéiseach:

Oibrimid mar Chomhairle gach tráth le hionracas, agus é á chinntiú go bhfuil ceannaireacht á tabhairt againn le dea-shampla maidir le dea-rialachas, cuntasacht dhaonlathach agus freagracht fhioscach. Tá struchtúir agus próisis rialachais agus formhaoirseachta láidre againn chun a chinntiú go bhfuil luach ar airgead agus cuntasacht á soláthar againn do phobal Mhuineacháin.

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- Buiséid atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de a fhorbairt agus oibriú laistigh díobh, arb éard atá i gceist leo luach ar airgead do chaiteachas poiblí, le linn freagairt do riachtanais mhuintir an Chontae.
- Leanúint de shásraí rialachais éifeachtacha a chur chun feidhme agus a oibriú le cleachtais chinnteoireachta chuntasacha.
- Maoiniú a shaothrú agus a mholadh, rud a chumasaíonn dúinn ár dtosaíochtaí beartaithe a chur i gcrích agus rud a thacaíonn lenár n-inbhuanaitheacht airgeadais.
- Riosca a chur san áireamh agus a bhainistiú go héifeachtach.
- Deiseanna a shainaithint chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht, agus luach ar airgead inár gcuid oibríochtaí uile, a fheabhsú.
- Iniúchtaí inmheánacha a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar rialachas agus comhlíonadh.
- Clár Bliantúil na dTogthóirí a bhainistiú.
- Clár éitis a choinneáil ar bun don fhoireann agus do na Comhaltaí Tofa.
- An reachtaíocht agus na ceanglais rialála ábhartha uile a chomhlíonadh.
- Bailiú fiach éifeachtach a chinntiú.
- Feidhm airgeadais éifeachtúil agus éifeachtach a oibriú


Seo a leanas an tionchar beartaithe:

Is féidir lenár gComhaltaí Tofa agus le muintir Mhuineacháin a bheith cinnte go bhfuil maoirseacht fhreagrach ar acmhainní agus sócmhainní airgeadais á soláthar ag an gComhairle ar bhealach trédhearcach agus cuntasach.

Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Na ceanglais chomhlíontachta uile a thuairisciú agus cloí leo.
- A chinntiú go gcloítear le hoibleagáidí dlíthiúla agus rialála agus go mbainfear amach spriocanna. Áirítear leis sin Ráiteas agus Buiséad Airgeadais Bliantúil a ullmhú agus a fhoilsiú do gach bliain airgeadais.
- Réitigh agus athbhreithnithe tréimhsiúla.
- Sruthanna maoiniúcháin breise a bhaint amach do sholáthar agus feabhsú seirbhíse.
- Tuairisciú bainistíochta riosca éifeachtach.
- Measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fheabhsaithe sna réimsí a sainaitníodh mar réimsí inar féidir feabhsú a dhéanamh.

Téamaí cothrománacha:

| SFIIna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|--|-----------------------------------|--|
|  | <ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go mbeidh caiteachas poiblí cothrom agus cothromasach | | <ul style="list-style-type: none"> • Maoiniú cúí le haghaidh ceanglais um ghníomhú ar son na haeráide |

Cur chun feidhme agus monatóireacht:

| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|---|----------------------------------|
| Maoiniú Seirbhísí Corparáideacha Iniúchadh Inmheánach | Comhaltaí Tofa uile na Comhairle |

CUSPÓIR 5E:

CUMARSÁID INMHEÁNACH AGUS SHEACHTRACH DEN SCOTH

Aidhm straitéiseach:

Oibreimid chun cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go héifeachtach le daoine i Muineachán, le Comhaltaí Tofa agus le foireann na Comhairle. Oibreimid chun an réimse seirbhísí a thairgeann Comhairle Contae Mhuineacháin a chur in iúl, agus forbróimid branda comhtháite lena ndéantar ionadaíocht go seasmhach do Chontae Mhuineacháin mar áit iontach le cónaí ann, le hoibriú ann, le cuairt a thabhairt air agus le gnó a dhéanamh ann.

Déanfaimid amhlaidh ar an mbealach seo a leanas:

- Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach lenár gcuid custaiméirí i ndáil le seirbhísí, teidlíochtaí agus imeachtaí na Comhairle, agus úsáid á baint as ár suíomh gréasáin, cainéil meán sóisialta, nuachtlitreacha agus sásraí eile.
- Freagairt d'aiseolas agus gearáin ó chustaiméirí go tráthúil agus úsáid a bhaint as an aiseolas sin chun feabhsú seirbhíse a spreagadh.
- Cumarsáid inmheánach láidir a choinneáil ar bun idir bainistíocht agus foireann na Comhairle, agus idir ranna éagsúla, lena n-áirítear trí uirlisí cumarsáide nuálacha.
- Plé leis na Comhaltaí Tofa i ndáil le riachtanais an phobail a shainiú agus freagairt dóibh.
- A chinntiú go mbeidh faisnéis atá cothrom le dáta ag na Comhaltaí Tofa maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle, lena dul chun cinn ó thaobh spriocanna agus maidir le cúrsaí airgeadais na Comhairle chun gur féidir leo a gcuid feidhmeanna cuntasachta daonlathaí agus formhaoirseachta a fheidmiú go héifeachtach.
- A chumasú don phobal rochtain a fháil, a mhéid is féidir, ar thaifid atá i seilbh na Comhairle
- A chinntiú go dtógfar ár gcumarsáid timpeall féiniúlacht bhranda chomhsheasmhach.


Seo a leanas an tionchar beartaithe:

Tá an fhaisnéis cheart, ag an tráth ceart, ag daoine laistigh agus lasmuigh den Chomhairle i ndáil le gníomhaíochtaí agus seirbhísí na Comhairle, chun gach a bhfuil le tairiscint ag Contae Mhuineacháin, agus seirbhísí uile Chomhairle Contae Mhuineacháin, a chur os comhair an phobail ar bhealach comhsheasmhach.

Déanfaimid meastóireacht ar an rath ar an mbealach seo a leanas:

- Measúnú a dhéanamh ar rannpháirteachas ón bhfoireann le cumarsáid inmheánach.
- Suirbhéanna um shástacht na foirne i leith cumarsáide.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar aiseolas agus rannpháirteachas an phobail le cumarsáid sheachtrach.
- Aiseolas ó chomhaltaí tofa maidir le cáilíocht na cumarsáide eatarthu féin agus foirne na Comhairle.

Téamaí cothrománacha:

| SFINna | Dualgas Ceart Daonna na hEarnála Poiblí | Prionsabail atá fabhrach don Aois | Gníomhú ar son na hAeráide |
|---|---|---|---|
|  | <ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go mbeidh cainéil chumarsáide inrochtana do chách, lena n-áirítear iad sin ag a bhfuil riachtanais éagsúla | <ul style="list-style-type: none"> • A chinntiú go mbeidh na cainéil chumarsáide fabhrach don aois | <ul style="list-style-type: none"> • Úsáid laghdaithe a bhaint as páipéar i gcumarsáid fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil • Gá laghdaithe le taisteal chuig áitreabh na Comhairle |

Cur chun feidhme agus monatóireacht:


| Rannóga na Comhairle | SPCanna |
|--------------------------|---------|
| Seirbhísí Corparáideacha | |

“ IS MIAN LINN A CHINNTIÚ GO MBEIDH **AN FHAINÉIS CHEART AG AN TRÁTH CEART** I NDÁIL LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ NA COMHAIRLE AG DAOINE LAISTIGH AGUS LASMUIGH DEN CHOMHAIRLE ... ”

AN PLEAN CORPARÁIDEACH A CHUR CHUN FEIDHME AGUS MONATÓIREACTH A DHÉANAMH AIR

Mar a léirítear thíos, aistreofar spriocanna agus cuspóirí ár bPlean Chorporáidigh sna Pleananna Soláthair Seirbhíse Bliantúla do gach ceann de na cúig bliana.

Maidir leis an dul chun cinn a dhéantar i dtaobh an Phlean, tuairisceofar é do na Grúpaí ábhartha um Beartais Straitéiseacha (SPGanna), don Ghrúpa um Beartas Corparáideach agus do na Comhaltaí Tofa mar Chomhairle agus déanfaidh siad maoirseacht air freisin.



Tá an Plean Soláthair Seirbhíse Bliantúil mar bhonn do na creatlacha oibre do gach Roinn den Chomhairle agus, dá réir sin, déantar eolas leo sin do na Pleananna Forbartha Pearsanta (PFPanna) do gach duine dár bhfoireann. Is faoi na bainisteoirí líne tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) atá sé an tuairisciú agus an mhonatóireacht a dhéanamh ar PFPanna agus tugann cinn na Ranna cuntas do dhul chun cinn na Roinne maidir leis na creatlacha oibre.

AGUISÍN I: STRAITÉISÍ, BEARTAIS AGUS PLEANANNA NÁISIÚNTA, RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA

Tá ár gcuid oibre Comhairle á spreagadh le straitéis, beartas agus pleananna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus tá sí ailínithe leo, mar a leagtar amach thíos.

Cuireadh an Plean Corparáideach seo le chéile chun tosaíochtaí agus cuspóirí na ndoiciméad sin a thabhairt le chéile i bplean straitéiseach do Chomhairle Contae Mhuineacháin ar feadh na chéad chúig bliana eile.

AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA/LEIBHÉAL AE

Treochlár um an Ionchuimsiú Sóisialta 2019-2025: Pleananna, Spriocanna, Gealltanais

Seirbhísí Poiblí Níos Fearr – Straitéisí Claochlaithe na Seirbhíse Poiblí 2030

Na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990 go 2020

Na Rialacháin Foirgníochta, 1997 go 2024

Na Rialacháin Rialaithe Foirgníochta, 1997 go 2022

An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024

An Plean Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide le haghaidh Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte 2019-2024

An Plean Earnála um Oiriúnú don Athrú Aeráide don Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta

An tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021

An Cód Cleachtais le haghaidh Foirgnimh agus Oibreacha a Iniúchadh agus a Dheimhniú

An Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide

Cónascadh Rialtais 2030, Márta 2022 (Straitéisí Dhigiteach agus TFC do Sheirbhísí Phoiblí na hÉireann)

Éire á Nascadh – An Plean Soghluaisteachta Tuaithe

An Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta (AE) Uimh. 305/2011

Straitéisí Cultúir agus Cruthaitheachta, 2023-2027

CycleConnects

Nuálaíocht DBEI 2020

Treoirlínte Pleananna Forbartha d'Údarás Phleanála (2022)

Straitéisí Sonraí DHLGH

Digiteach ar son na Maitheasa: Treochlár Ionchuimsitheachta Digití na hÉireann, Lúnasa 2023

An Margadh Aonair Digiteach

An Straitéis Ríomhsheirbhísí Rialtais

Ag glacadh le hAmuigh faoin aer na hÉireann – An Straitéis Náisiúnta um Chaitheamh Aimsire Allamuigh 2023-2027

An Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (Treoir 2010/31/AE ón gComhairle)

Slándáil Fuinnimh in Éirinn go 2030

Straitéisí Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh

Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÉin

Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (TFFF), Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Fuinneamh In-athnuaite (2023/2413), Straitéisí an Aontais um an nGrianfhuinneamh (COM (2022)221)

AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA/LEIBHÉAL AE

Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le ‘Tuilte’

Plean an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir, 2021-2027

Dea-chleachtas an Aontais Eorpaigh maidir le Faireachas Margaidh

Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga

Straitéis an Aontais Eorpaigh um Oiriúnú don Athrú Aeráide

Rialachán CE (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011

An Córas Eorpach maidir le Feasacht Tuile (EFAS)

Rialachán an Aontais Eorpaigh (Táirgí Foirgníochta) (I.R. 225 de 2013, arna leasú)

Rialachán an Aontais Eorpaigh (Bonneagar Fisiceach laistigh den Fhoirgneamh le haghaidh Cumarsáid Leictreonach Ardluais) 2023

An Straitéis maidir le Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreonacha 2022 go 2025

Pleananna agus Léarscáileanna le haghaidh Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte

Éirigh Gníomhach in Éirinn – an Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Choirp d’Éirinn

An Treoir maidir le Rannpháirtíocht an Phobail sa Phlean Áitiúil agus sa Chinnteoireacht (DRCD)

Treoirlínte maidir leis na Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil

Treoirlínte maidir le Cóiríocht Éigeandála Nua

An Straitéis um Sholáthar Poiblí Glas 2024-2027

Freagairt maidir le Cosaint Screamhuisce

Treoir maidir le Measúnacht Chuí le haghaidh Údaráis Phleanála Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

Treoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte

Éire Shláintiúil – Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013-2025

Oidhreacht Éireann 2030

Tithíocht ar dTús Plean Forfheidhmithe Náisiúnta 2022-2026

Tithíocht do Chách

Tithíocht do Chách Nuashonrú ar an bPlean Gníomhaíochta agus Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn

Tithíocht do Chách Treochlár um ghlacadh níos mó le Modhanna Nua-Aimseartha Tógála i soláthar Tithíochta Poiblí

Tithíocht do Chách Modhanna Nua-Aimseartha Tógála Treoir Tosaigh

Tithíocht do Chách Treoir do chonarthaí tithíochta dearaidh-tógála

Roghanna Tithíochta dár nDaonra atá ag dul in Aois (2019)

Plean Náisiúnta Aeráide agus Fuinnimh na hÉireann 2021-2030

Straitéis Tarlaithe Bóthair na hÉireann 2022-2031

Treoirlínte maidir leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2021 (DRCD)

An Creat um Bainistíocht Móréigeandála 2006 (CBM)

An Ráiteas Beartais Pleanála Mara

An Rialachán maidir le Faireachas Mara (AE) Uimh. 2019/1020

An Straitéis maidir le Faireachas Margaidh ar Tháirgí Foirgníochta

Plean Straitéiseach Met Éireann 2017-2027

An Creat Náisiúnta Oiriúnaithe

An Straitéis IS Náisiúnta

An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2023-2030

An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithgheilleagar 2023-2025

AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA/LEIBHÉAL AE

An Plean Náisiúnta maidir le Leathanbhanda

An Straitéis Náisiúnta maidir le hAer Glan

An Straitéis Náisiúnta maidir le Cibearshlándáil

Plean an Ghréasáin Náisiúnta Raonta Rothar

An Plean Forbartha Náisiúnta

An Straitéis Dhigiteach Náisiúnta

An Straitéis Náisiúnta um Míchumas

An Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030

An tSeirbhís Náisiúnta Réamhaisnéise agus Rabhaidh Tuilte

An Plean Cur Chun Feidhme Náisiúnta do SFInna 2022-2024

An Plean Oidhreachta Náisiúnta – Oidhreacht Éireann 2030

An Straitéis Tithíochta Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027

An Bunachar Sonraí Sciortha Talún Náisiúnta agus an Léarscáil Sciortha Talún Náisiúnta

An Creat Pleanála Mara Náisiúnta

Tuarascálacha ón gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI)

An Straitéis Orgánach Náisiúnta 2024-2030 (Foilsithe R2 2024)

An Creat Pleanála Náisiúnta 2040

An Beartas Náisiúnta maidir le hAiltireacht 2022

An Plean maidir le Líonra Náisiúnta Bóithre Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2024 go 2030

An Straitéis Scileanna Náisiúnta

An Beartas Fiontraíochta Sóisialta Náisiúnta d’Éirinn 2019-2022

An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027

An Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe

An Beartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe Náisiúnta 2022-2030 agus an Plean Gníomhaíochta gaolmhar 2022-2025

An Straitéis Náisiúnta Snámha 2024-2027

An Straitéis Náisiúnta maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021 (le reáchtáil go 2025)

An Straitéis Náisiúnta maidir le Tithe Folmha a Athúsáid

An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht – Leabharlann (europa.eu)

An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta

Straitéis Scileanna Éireann an ECFE: Measúnú agus Moltaí

Straitéis Sonraí Oscailte

Ár nOileáin Bheo – Polasaí Náisiúnta na nOileán 2023-2033

Ár Seirbhís Phoiblí 2020

Ár dTodhchaí Thuaithe

Clár Oibríochtúil Doiciméad Forléargais agus Lámhleabhar an Chláir PEACEPLUS

Daoine, Áit agus Beartas – an Turasóireacht faoi Bhorradh go 2025 agus na Pleananna Gníomhaíochta Turasóireachta gaolmhara

Beartas maidir le Fáil agus Diúscairt Réadmhaoine

Ráiteas Beartais maidir leis an bhFuinneamh Geoiteirmeach do Gheilleagar Ciorclach

Ráiteas Beartais ar Thaiscéaláíocht Mianraí agus Mianadóireacht

AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA/LEIBHÉAL AE

Clár Rialtais: Ár dTodhchaí Roinnte

An tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024

Tionscadal Éireann 2040

Prótacail maidir le Sócmhainní Réadmhaoine a Aistriú agus Roinnt

Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí

Plean Printíseachta na Seirbhíse Poiblí 2023

Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2024-2026

Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí

An Clár Iarfheistithe Inrochtaineachta Iompair Phoiblí

An Creat Beartais agus Forbartha maidir le Leictreachas In-athnuaite (REPDF)

An Beartas maidir le Breoslaí In-athnuaite Iompair 2023-2025

Tuairisc an Ghrúpa Idir-Rannach ar Straitéis Náisiúnta um Bainistíocht Athraithe Cósta

An Plean Bainistíochta Abhantraí

An Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030

An Beartas Forbartha Tuaithe 2020+ An chéad chéim eile

Comhroinnt na Físe: Beartas Meabhairshláinte do Chách 2020-2030

SláinteCare | An Cúram Ceart, an Áit Cheart, an tAm Ceart

Sráidainmneacha: Treoirlínte

An Creat maidir le Bainistíocht Éigeandála Straitéiseach 2017 (BÉS)

Straitéis d’Fhorbairt na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha Amach Anseo

An Straitéis don Oidhreacht Dhomhanda in Éirinn 2024-2034 (comhairliúchán poiblí leanúnach)

Ráiteas maidir le Taiscéalaíocht agus Táirgeadh Peitрилiam in Éirinn

Pobail Inbhuanaithe, Uilechuimsitheacha agus Chumhachtaithe: Straitéis Cúig Bliana chun Tacú leis an Earnáil Phobail agus Dheonach in Éirinn

Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid – Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí 2023-2027

An Straitéis Náisiúnta Teanga 2010-2030

An Plean Teagmhais Náisiúnta do Dhoirteadh Ola

An Plean Náisiúnta Cuardaigh agus Tarrthála

An Creat Beartais Turasóireachta (le foilsíú)

Lár Bailte ar dTús

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRRPD)

Ráiteas Beartais um Sheirbhísí Uisce 2024-2030

Straitéis Uile-Rialtais don Gheilleagar Ciorclach 2022-2023

Treoirlínte Forbartha Fuinnimh Gaoithe (WEDG)

Éire Óg: Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2023-2028

Straitéis um Easpa Dídine don Aos Óg 2023-2025

AN LEIBHÉAL RÉIGIÚNACH

Cláir Oibríochtúla CFRE 2021-2027

Pleananna agus Léarscáileanna le haghaidh Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte

Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí don Réigiún Teorann

An Plean Fiontraíochta Réigiúnach Thuaidh-Thoir

An Plean um Líonra Luchtaithe Réigiúnach agus Áitiúil d’Fheithiclí Leictreacha 2024 go 2030

AN LEIBHÉAL ÁITIÚIL

Plean Forbartha Chontae Mhuineacháin, 2019-2025/Dréachtphlean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2025-2031 (nuair a ghlacfar é)

Straitéis CCMA maidir le Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Bhaint amach 2030

An Cód Cleachtas le haghaidh Foirgnimh agus Oibreacha a Iniúchadh agus a Dheimhniú

An Plean Straitéiseach maidir le Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Phobal Mhuineacháin

Forfheidhmiú an Rialacháin maidir le Táirgí Foirgníochta

Forfheidhmiú na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh

Forfheidhmiú Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bonneagar Fisiceach laistigh den Fhoirgneamh le haghaidh Cumarsáid Leictreonach Ardluais), 2023

Forfheidhmiú an Rialacháin maidir le Faireachas Margaidh, maidir le táirgí foirgníochta a mhargú

An Creat d’Údarás Rialaithe Foirgníochta – Riarachán, cigireachtaí agus forfheidhmiú éifeachtach um Rialú Foirgníochta a chinntiú

Treoirlínte maidir le hÚdarás um Fhaireachas Margaidh

Plean Gníomhaíochta PEACEPLUS an Phobail Áitiúil

Treoirlínte maidir leis na Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údarás Áitiúil

Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin

Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) Mhuineacháin 2023-2029

Coistí na Seirbhísí do Leanáí agus do Dhaoine Óga (CYPSC)

‘Cuireann leabharlanna feabhas ar an mbeatha’: Plean Forbartha Leabharlanna Chontae Mhuineacháin 2024-2028

Plean Gníomhaíochta Soláthair Tithíochta Chomhairle Contae Mhuineacháin

Straitéis Claochlaithe Dhigitigh Chomhairle Contae Mhuineacháin

Straitéis Turasóireachta Chomhairle Contae Mhuineacháin

Plean Straitéiseach Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Chomhairle Contae Mhuineacháin 2020-2025

Plean Gníomhaíochta Torainn Chomhairle Contae Mhuineacháin

Ráiteas Beartais na nOifigí Fiontair Áitiúla 2024-2030

Iompar

Plean Chontae Mhuineacháin um Shábháilteacht ar Bhóithre 2023-2024

Nóta Faisnéise chuig na hÚdarás Áitiúla maidir le Seirbhísí Micrea-shoghluaisteachta Comhroinnte

Straitéis Siúil agus Rothaíochta an Chontae 2021-2026

AGUISÍN II: LIOSTA D'IONADAITHE TOFA

Is iad seo a leanas na Comhaltaí Tofa do Chontae Mhuineacháin:

CEANTAR BARDASACH BHÉAL ÁTHA BEITHE –



An Clr Séamus Coyle

FF



An Clr Seán Gilliland

FG



An Clr Pat Treanor

SF



An Clr Richard Truell

FG



An Clr Sinéad Flynn

SF

CEANTAR BARDASACH CHARRAIG MHACHAIRE ROIS-BHAILE NA LORGAN



An Clr Aidan Campbell

FG



An Clr Colm Carthy

SF



An Clr Noel Keelan

SF



An Clr P.J. O'Hanlon

FF



An Clr Peter Conlon

FG



An Clr Paul Gibbons

SF

COMHAIRLEOIRÍ CHEANTAR BARDASACH MHUINEACHÁIN



An Clr Raymond Aughey

FF



An Clr Seán Conlon

SF



An Clr Séamus Treanor

NEA



An Clr Bronagh McAree

SF



An Clr Pauric Clerkin

FG



An Clr Niamh McCooey

SF



Clr Alan Johnston

FG

AGUISÍN III: FOIREAN FEIDHMIÚCHÁIN CHOMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN

Foireann Ardbhainistíochta Chomhairle Contae Mhuineacháin.



Robert Burns
Príomhfheidhmeannach
Comhairle Contae Mhuineacháin



Patricia Monahan, Uasal
Stiúrthóir Seirbhísí
An Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, Seirbhísí Comhshaoil agus Uisce
An Stiúrthóireacht Airgeadais, Tithíochta
agus Chultúir



Olga McConnon
Stiúrthóir Seirbhísí



An tUas Cathal Flynn
Stiúrthóir Seirbhísí
Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch, Pleanáil agus Tionscadail Chaipitil
Corparáideacha agus Nuálaíocht
Tuaithe agus



Carmel O'Hare, Uasal
Stiúrthóir Seirbhísí
An Stiúrthóireacht Iompair,




An tUas Gareth McMahon
Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí An
An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí
Forbartha

Pobail

County Monaghan Electoral Areas



Comhairle Contae Mhuineacháin
Monaghan County Council



COMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN

AN PLEAN CORPARÁIDEACH 2024 –
2029

Oifigí na Comhairle, An Gleann, Muineachán Fón:

(047) 30500



Comhairle Contae Mhuineacháin
Moraghán County Council

